

Tuarascáil Bhliantúil Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann

2014

Curtha faoi bhráid gach Tí an Oireachtais de bhun Alt 14 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá

Ról agus Freagrachtaí

Athbhreithniú Achomair ar 2014

Gearáin a Fuarthas

Fógraí Reachtúla Forfheidhmiúcháin

Fógraí Faisnéise Roghnaithe

Fógraí um Shárú Sonraí

Iarratais ar Rochtain ar Ábhar a Forfheidhmíodh

Iniúchtaí Príobháideachais

Treoir, Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha agus Cóid Chleachtais

Idirchaidreamh Tipiciúil le Cuideachtaí Teicneolaíochta Ilnáisiúnta

Rianú Domhanda Príobháideachais – Soghluaiste agus Aipeanna

An tAontas Eorpach

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta Eile

AGUISÍNÍ

Liosta na nEagraíochtaí ar a ndearnadh Iniúchadh in 2014

Cás-Staidéir

Cur i láthair agus Cainteanna

Clárúcháin in 2014

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Tuarascáil Fuinnimh

RÉAMHRÁ

Tá gliondar croí orm an tuarascáil seo, mo chéad tuarascáil mar Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann, a chur i láthair. Tá súil go mbeidh sí áisiúil, ní hamháin do Thithe an Oireachtais, ach don ghrúpa níos fairsinge de pháirtithe leasmhara ar spéis leo ár n-obair agus cosaint sonraí i gcoitinne. I measc an ghrúpa níos fairsinge sin tá, dar ndóigh, ní hamháin tomhaltóirí, an lucht gnó agus páirtithe leasmhara eile ar fud na hÉireann, ach ollchuid daoine ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. Mar gheall ar chineál an idirlín, is soiléir gur ceist dhomhanda cosaint sonraí, agus creidim go mbaineann ríthábhacht le comhoibriú bríoch agus malartú smaointe gan bhacainn go rachaidh cosaint sonraí chun sochair gach duine.

Thit go leor athruithe amach ar an Oifig seo in 2014. D'éirigh Billy Hawkes, Coimisinéir Cosanta Sonraí den chéad scoth agus ar a raibh ardmheas, as i ndiaidh naoi mbliana de scothsheirbhís agus de sheirbhís léargasach a sholáthar. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach a comhlíonadh fad a bhí cosaint sonraí á forbairt in Éirinn, agus sinn ag oibriú go dlúth lenár gcontrapháirteanna i dtíortha eile. Anuas air sin, d'oibrigh Billy agus a fhoireann go dícheallach chun cumas ár nOifige a mhéadú, agus faoina stiúir, tháinig méadú faoi dhó ar bhuiséad 2015 amach ó €1.8m go dtí €3.65m, mar aon le borradh mear ar an líon foirne in 2015 ó 29 aníos go dtí 50, agus osclaíodh oifig nua i mBaile Átha Cliath in 2015.

Fuair mé an post seo i bhFómhar 2014, tar éis próiseas poiblí iomaíoch agus neamhspleách a reáchtáil Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí na hÉireann. Agus béim á leagan ar ghné idirnáisiúnta m'Oifige, shuigh ceannaire ar chomhúdarás cosanta sonraí den Aontas Eorpach ar bhord an agallaimh (Christopher Graham, Coimisinéir Faisnéise na Ríochta Aontaithe). In 2014, chomh maith, cheap rialtas na hÉireann, den chéad uair, aire atá freagrach go sonrach as cosaint sonraí (Dara Murphy, T.D., an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha agus Cosaint Sonraí). Cé go n-oibríonn mé féin agus m'Oifig go hiomlán neamhspleách ar rialtas na hÉireann – agus go deimhin, táimid go hiomlán neamhspleách – dearbhaíonn ceapadh an Aire Murphy, arís eile, an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le cosaint sonraí agus a cineál trasteorann.

Is beag iontais é gur réimse atá i gcosaint sonraí atá ag gluaiseacht go rí-mhear. Tá athrú de shíor ag teacht ar na bealaí inar féidir sonraí a bhailiú, a anailísiú, a stóráil, a úsáid agus a mhí-úsáid, in aonaid ama atá ag dul i laghad i gcónaí, agus a imríonn tionchar ar líonta méadaitheacha daoine. In Éirinn, is ionann dul i bhfód guthán cliste agus 59% den mhargadh rannpháirtithe, gnáthchleachtas is ea sonraí geoshuímh agus tugaimid faoi idirbhearta baincúireachta go rialta ar líne. Agus aird ar luas agus ar scála an athraithe, creidim go bhfuil sé rí-thábhachtach go mbíonn caidreamh tréan ag údarais chosanta sonraí le páirtithe leasmhara, mar aon le plé rialta bríoch.

Mar gheall ar an gcur chuige gníomhach ar ghlac m'Oifig leis, is féidir fadhbanna um chosaint sonraí a bhrath, agus a réiteach nó a dhíbirt, sula n-

imríonn siad tionchar ar líon níos mó daoine ná mar a d'imreofaí ina mhalairt de chás. Is fearr go labhraíonn rialtóir le cuideachtaí agus go molann siad feabhsúcháin a dhéanamh ar tháirgí agus sheirbhísí atá comhlíontach go teoranta sula mbaineann siad an margadh amach, ná a thabhairt faoi deara go seoltar na táirgí siúd agus gan gníomhú ach nuair a bhíonn difear déanta cheana féin do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile. Mar gheall ar ghníomhú, chomh maith, is fearr is féidir le rialtóir neamhspleách, ar nós m'Oifige, treorú bríoch agus comhsheasmhach a dhéanamh, le himeacht ama, ar chosaint sonraí a fhorbairt ar mhaithe le sochar feabhsaithe gach páirtí.

Amanna, dar ndóigh, is fearr a thugtar faoi rialáil éifeachtach um chosaint sonraí trínár gcumhachtaí reachtúla a úsáid. Léirítear sa tuarascáil seo na hócáidí ina ndéantar, cuirimis i gcás, Fógraí Reachtúla Forfheidhmiúcháin a eisiúint nó ina ndéantar scrúdú ar Fhógraí um Shárú Sonraí, nó ina dtugtar faoi iniúchadh príobháideachais (i measc na n-eagraíochtaí a d'fhiosraíomar faoi théarmaí iniúchadh príobháideachais in 2014, bhí LinkedIn agus an Garda Síochána, fórsa póilíneachta na hÉireann) trí rialáil éifeachtach um chosaint sonraí a dhéanamh. Cé gur féidir úsáid shainráite na n-uirlisí a thomhais, faoi mar a dhéantar sa tuarascáil seo, rud an-chabhrach, chomh maith, is ea bagairt intuigthe a n-úsáide chun comhlíonadh a chinntiú, ach is deacra sin a ghabháil i dtaobh staitisticí de ó riachtanas.

Ghlac mé le mo phost mar Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann i ndiaidh tréimhse inar lonnagh ceanncheathrú Eorpach go leor de phríomhchuideachtaí teicneolaíochta an domhain in Éirinn. Agus aird ar chineál reachtaíocht um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh, comhlíonann m'Oifig príomhról, dá bharr, chun gníomhaíochtaí na gcuideachtaí siúd a rialáil, ní hamháin in Éirinn, ach ar fud an Aontais Eorpaigh. Creidim go docht daingean go dteastaíonn cur chuige gníomhach ar thug mé cuntas air thuas, ón bhfreagracht atá ar m'Oifig i leith mhuintir an Aontais Eorpaigh, lena chinntiú go seastar lena gcearta um chosaint sonraí agus a chinntiú, i gcomhthráth, go mbíonn rochtain ar sheirbhísí digiteacha a mbaineann go leor daoine taitneamh astu agus ar a mbraitheann go leor daoine, fiú. Tá daoine ann nach gcomhaontaíonn leis an gcur chuige seo, agus tá plé ar bun faoin mbunchreatlach um chosaint sonraí san Eoraip. Ach nuair a chuirtear an chreatlach agus na fíricí san áireamh, faoi mar atá siad, tá muinín agam gurb é an cur chuige gníomhach a úsáideann m'Oifig an cur chuige ceart, agus go gcuirfidh ár n-acmhainní fairsingithe agus ár ngaireacht thíreolaíoch leis an lucht déanta beartais sna príomhchuideachtaí teicneolaíochta ar ár lánchumas againn rialáil a dhéanamh leis an éifeachtúlacht iomlán atá tuillte ag ár bpáirtithe leasmhara.

I dtaobh na creatlaí Eorpaí um rialáil cosaint sonraí, tá m'Oifig agus mé féin i mbun dlúth-idirbheartaíochta i dtaca leis an Rialachán nua Ginearálta um Chosaint Sonraí – a mheastar a sholáthróidh dlí um chosaint sonraí atá níos comhchuibhithe. Pé múnla a bheidh ar an reachtaíocht seo, leanfaidh cosaint éifeachtach sonraí san Eoraip le comhoibriú dlúth a éileamh idir páirtithe leasmhara, lena n-áirítear, dar ndóigh, na comhúdaráis um chosaint sonraí i dtíortha eile. Ní mór dúinn go léir a bheith oscailte chun glacadh le moltaí –

agus le cáineadh cabhrach – agus a chuimhneamh go bhfuil an sprioc chéanna uileghabhálach le baint amach againn – cosaint éifeachtach sonraí, agus leanúint chun an mhuinín agus an dea-thoil a choimeád ar a mbraitheann comhoibriú Eorpach i gcónaí.

Meabhraíodh dúinn, arís eile, in 2014, an tábhacht a bhaineann le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí. Rinneadh cinneadh i gcás Google na Spáinne i rith na bliana – a d’aithin “an ceart go ligfí i ndearmad”, mar dhea, – agus leanann tionchar an chinnidh sin le tionchar a imirt go fóill. D’atreoraigh Ard-Chúirt na hÉireann cás a bhain le haistrithe sonraí pearsanta lasmuigh de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus táimid ag tnúth le toradh an cháis seo mar imeacht lena mbaineann tábhacht i dtaobh rialáil sonraí agus údaráis Eorpacha.

Ina theannta sin, rinneadh comhoibriú suntasach in 2014 idir m’Oifig, Coimisinéir Cheanada agus Oifig Choimisinéir Faisnéise na hAstráile agus an Coimisiún um Thrádáil Chónaidhme maidir le sárú sonraí ag Adobe. Ba dhealraitheach go raibh na meabhráin tuisceana atá i bhfeidhm ag m’Oifig leis na húdaráis seo fíor-áisiúil, agus d’eascair torthaí i bhfad ní ba mhire as ná mar a d’fhéadfadh bheith i gceist ar shlí eile.

Cé gur chruthaigh ár sainchúram fairsingithe idirnáisiúnta go leor oibre dom féin agus do m’fhoireann, ba bhliain ghnóthach 2014 i dtaobh obair a bhain go príomha le hÉirinn. Bhí baint againn i gcáil chomhairliúcháin in go leor tionscadail mhórsála rialtais, ar bealach éifeachtach iad lena chinntiú go gcuimsítear cosaint sonraí sna cineáil seo tionscadail ón dtosach ar aghaidh. Ghlac m’fhoireann agus mé féin ról i gcomhairliúchán faoi Bhille beartaithe um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, maidir le sonraí a chomhroinnt go dlíthiúil idir comhlachtaí poiblí. Thosaíomar in 2015 trí leanúint le hionchur a dhéanamh sa reachtaíocht bheartaithe seo, agus é mar sprioc againn a chinntiú go leanann na cosaintí agus an cloí leordhóthanach le prionsabail um chosaint sonraí bheith lárnach sna tograí.

D’eascair dúshláin i leith an Uimhir nua Phearsanta Seirbhíse Poiblí a úsáid ag an bhfóntas nua uisce, Uisce Éireann, le méid mór oibre chun déileáil le ceisteanna agus gearáin a fhiosrú. Bhí bonn dlíthiúil ann go ndéanfadh Uisce Éireann an UPSP a bhailiú agus a phróiseáil ach ba mhian le saoránaigh na sonraí a bhain leis seo a thuiscint, ar nós cén fáth a raibh an UPSP á bhailiú, cén t-údarás a bhí ag Uisce Éireann chun é a bhailiú, cén cuspóirí dá n-úsáidfí é, cé leis a roinnfí é agus cé chomh fada a choimeádfaí é. Go hachomair, sholáthair an cás meabhrúchán d’eagraíochtaí gur gá d’fhaisnéis faoi bhailiú agus úsáid sonraí bheith soiléir agus gonta, nó d’fhéadfadh mearbhall agus buairt eascairt dá thoradh. Dhéileálar lena mhacasamhail de cheisteanna agus de ghearáin faoi Bhunachar Sonraí Bunscoileanna ar Líne na Roinne Oideachais agus Scileanna. Rinne an Roinn roinnt leasuithe agus feabhsúchán maidir leis an tionscadal, go háirithe maidir leis an ábhar mínitheach a réitíodh do thuismitheoirí. De réir mar a thosaigh 2015, leanamar le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn faoi na saincheisteanna seo.

Leag tuarascáil bhliantúil na bliana seo caite de chuid an Choimisinéara béim ar ár n-obair maidir le córas náisiúnta postchóid “Eircode”. Tá an córas le tabhairt isteach i lár na bliana 2015, agus soláthraíonn sé cód uathúil agus lánrandamaithe do gach teaghlach (is é sin, gach teach nó árasán aonair), agus mar dhea, léiríonn sé aitheantóir uathúil do sheoladh gach teaghlach. Is soiléir (go háirithe i gcomhthéacs ráta na dteaghlach in Éirinn ina gcónaíonn ach duine amháin), gur cheart caitheamh le Eircode mar shonraí pearsanta, faoin sainmhíniú a dtugtar air sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Cé gur fíor, leis féin, nach bhfuil i gceist le Eircode ach aitheantóir uathúil do sheoladh, seachas duine, is ionann an cás, i bhformhór na gcomhthéacsanna ina meastar go n-úsáidfear é, gur dócha go mbeidh breis faisnéise ag rialaitheoir sonraí a chuirfeadh ar chumas ansin duine aonair a shainaithint. Mhol an Coimisinéir Cosanta Sonraí don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha go mbeadh an bhunreachtaíocht shonrach mar bhonn agus taca le tionscadal Eircode. Ghlac an Roinn leis an gcomhairle seo agus tá an tionscadal á chur chun cinn anois acu le cosaintí reachtaíochta curtha san áireamh chun príobháideacht a chosaint.

I dtaobh obair ionchúisimh na hOifige seo, thugamar faoi mhórmhéid cásoibre in 2014 i dtaca le himscrúdaitheoirí príobháideacha (ar a dtugtar gníomhairí rianaithe chomh maith). Thánamar ar shaincheisteannta suntasacha ar fud na hearnála maidir le mí-úsáid a bhaint as sonraí pearsanta – sonraítear cuntas níos iomláine ar ár gcuid gníomhartha níos déanaí sa tuarascáil seo. Bhí na hionchúisimh úrnua, mar gheall gur úsáideadh Alt 29 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 chun stiúrthóirí cuideachta ar leith a ionchúiseamh mar gheall ar an ról a bhí acu i sárúithe ag imscrúdaitheoirí a bhí fostaithe ag an gcuideachta. Sheol na hionchúisimh teachtaireacht thréan chuig na rialaitheoirí sonraí nach mór dóibh tabhairt faoi dhícheall níos fearr sula bhfostaíonn siad gnóthas príobháideach imscrúdaithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar a gceann, agus rialaitheoirí sonraí a chur ar an eolas nach mór dóibh a chinntiú nach bhfuil sonraí pearsanta á sceitheadh acu chuig tríú páirtithe gan chuimhneamh.

Rinneadh ardlíon fógraí féintuairiscithe ar shárúithe sonraí leis an Oifig i gcaitheamh na bliana 2014, agus b’ionann iad agus nach mór 2,300 i rith na bliana. B’earráid an duine, seachas earráid chórasach ba chúis leis na príomhchúiseanna a bhí le sárúithe sonraí, ar nós an ráiteas bainc mícheart a chur sa chlúdach litreach mícheart, nó an scarbhileog mhícheart a cheangal le ríomhphost.

Tá cumas níos mó ag an Oifig seo in 2015 ná mar a bhí riamh chun leanúint le cabhrú leis an timpeallacht um chosaint sonraí a mhúnlú in Éirinn agus níos faide i gcéin, agus le comhlíonadh cuí na ndlíthe ábhartha a chinntiú. Táim ag tnúth le leanúint le hidirchaidreamh cairdiúil agus táirgiúil a dhéanamh le mo chontrapháirteanna Eorpacha agus domhanda, agus cineál trasteorann cosaint sonraí a léiriú go hiomlán. Cuireadh tús le hathrú suntasach in 2014 d’Oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann, agus leanfaidh an claoclú seo i rith 2015.

HELEN DIXON,
CÚL AN TSÚDAIRE AGUS BAILE ÁTHA CLIATH,
AN 23 MEITHEAMH 2015

RÓL AGUS FREAGRACHTAÍ CHOIMISINÉIR COSANTA SONRAÍ NA HÉIREANN

- Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (CCS) i 1989 tar éis gur achtaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988. Dhírigh na saincheisteanna luatha ar dhéileáil an Oifig leo ar an earnáil airgeadais – ach tá fairsingiú ollmhór tagtha ar an réimse saincheisteanna a ndéileálaimid leo le fiche a cúig bliain anuas, áfach, agus tá a shamhail d'fhairsingiú tagtha ar ár bhfreagracht as úsáideoirí seirbhíse Éireannacha agus an AE.
- Comhlacht neamhspleách is ea Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí, a mbronnann na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 a chumhachtaí air, a achtaíodh chun éifeacht a thabhairt do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1981 agus do Threoir um Chosaint Sonraí an AE, 1995 níos déanaí.
- Faightear cistiú d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí trí vóta Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na hÉireann, mar sin, go héifeachtach, tagann an cistiú go léir don Oifig ó státchiste na hÉireann. Bailíonn an CCS ioncam ó fheidhm chlárúcháin reachtúil na hOifige, agus tarchuirtear an t-ioncam go díreach ar ais chuig an státchiste. Mhéadaigh an rialtas go mór an cistiú a thugtar don CCS don bhliain 2015 agus is ionann a bhuiséad bliantúil anois agus €3.65m.
- Cé gur comhlacht neamhspleách Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, agus go ndearna sé cinntí go poiblí agus go ndearna sé forfheidhmiú i gcoinne an rialtais agus an tionscail i gcoitinne, ní dhéanann sé an méid seo gan maoirsiú a bheith á dhéanamh ar a riaradh. Ní mór gach speansas, costas agus caiteachas a chur i gcuntas don státchiste, agus tagann cuntais an CCS faoi chuimsiú shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ar a bharr sin, mar gheall go bhfuil feidhm mhór phoiblí ag an Oifig agus scrúdú á dhéanamh ar ghearáin a dhéanann daoine, agus go ndéanann siad idirghníomhú le saoránaigh agus le gnólachtaí, soláthraíonn na príomhpháirtithe leasmhara seo maoirsiú de shaghas éigin ar obair na hOifige. I dtaobh chinntí reachtúla na hOifige, is féidir achomharc a dhéanamh orthu seo leis na cúirteanna.
- Is í príomhspríoc Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chun comhlíonadh agus reachtaíocht a chur chun cinn a cheanglaíonn bailiú, stóráil agus próiseáil shlán faisnéis phearsanta daoine aonair. Scrúdaíonn an Oifig gearáin ó dhaoine aonair a fhógraíonn gur sáraíodh a gcearta um chosaint sonraí agus féadfaidh siad forfheidhmiú a dhéanamh i leith eagraíochtaí a dhéanann cionta faoi na hAchtanna. Déanann an Oifig monatóireacht ghníomhach ar an tírdhreach um chosaint sonraí atá ag athrú de shíor agus soláthraíonn sí nuashonruithe ar threoir do dhaoine agus d'eagraíochtaí. Tar éis gur tháinig corparáidí móra ilnáisiúnta go hÉirinn, a bhailíonn agus a

stóráilann ollmhéideanna de shonraí, gníomhaíonn an Oifig mar chosaint i leith mí-úsáid nó nochtadh féideartha faisnéise pearsanta agus cinntíonn sí go gcomhlíontar na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

- Leanann an Oifig ina ról mar “phríomhrialtóir” ar líon méadaitheach de chuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta a bhfuil a gceanncheathrú lonnaithe in SAM, den chuid is mó, ach a roghnaigh a fhógairt gurb í Éire a gceanncheathrú Eorpach, ar nós chuideachtaí Apple agus Intel, atá bunaithe in Éirinn le roinnt mhaith blianta anuas. Mar gheall ar an mbealach atá na cuideachtaí seo struchtúrtha agus an bealach a cuireadh dlí um chosaint sonraí an AE i bhfeidhm i ndáil le bunú, dlínse agus rialú sonraí, rialaigh Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann oibríochtaí na gcuideachtaí seo ó pheirspictíocht um chosaint sonraí, fiú nuair a oibríonn siad in go leor tíortha san AE agus nuair a phróiseálann siad sonraí pearsanta saoránach Eorpach. De bhun cinnidh ar bhunaíocht a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí ar rialaitheoirí sonraí nach bhfuil bunaithe san AE, ábhar díospóireachta atá anois i gcoincheapa “na príomhbhunaíochta” agus “an dlí infheidhme”. Chomh maith leis sin, níor críochnaíodh go fóill an mheicníocht “ionad ilfhreastail” chun déileáil le hoibríochtaí móra ilnáisiúnta i measc na n-údarás um chosaint sonraí san Eoraip mar chuid den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS), a thiocfaidh in ionad Threoir 95/CE/46 an AE. Tá súil leis go soláthróidh an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí soiléireacht ar na saincheisteanna ríthábhachtacha seo.
- Ról na hEorpa – Bunaíonn Airteagal 29 de Threoir 1995 an AE “Páirtí Oibre um Chosaint Daoine Aonair i dTaobh Sonraí Pearsanta a Phróiseáil”. Tá ionadaí ón údarás um chosaint sonraí ó gach ballstát den AE sa pháirtí oibre, lena n-áirítear Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann. Tá an Páirtí Oibre neamhspleách agus lorgaíonn sé chun cur i bhfeidhm rialacha um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm ar fud an AE, agus foilsíonn siad tuairimí agus moltaí ar ábhair éagsúla um chosaint sonraí. Anuas air sin, cuireann sé comhairle ar Choimisiún an AE maidir le leordhóthanacht na gcaighdeán um chosaint sonraí i dtíortha neamh-AE. Mar chomhalta den Pháirtí Oibre, cuireann Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann go réamhghníomhach leis an íomhá fhoriomlán rialála, san Eoraip agus ar an ardán idirnáisiúnta.

Seo a leanas liosta de chéadspríocanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí:

1. Cumas an údaráis chosanta sonraí in Éirinn a fhairsingiú agus a mhéadú trí bhreis acmhainní a fháil agus breis foirne a earcú.
2. Láithreach an údaráis chosanta sonraí atá bunaithe i mBaile Átha Cliath a bhunú, a oibreoidh i gcomhar le hoifig reatha Chúl an tSúdaire.

3. Feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí, an láithreán gréasáin agus ar fheidhmeanna cumarsáide an CCS.
4. Comhlíonadh níos fearr na reachtaíochta um chosaint sonraí ag earnáil phoiblí na hÉireann a chur chun cinn.
5. Feabhas a chur ar chomhoibriú idirnáisiúnta ag CCS na hÉireann, go háirithe maidir lena chontrapháirteanna de chuid “Pháirtí Oibre” Airteagal 29.

ATHBHREITHNIÚ ACHOMAIR AR 2014

- Dhéileálar le 13,500 ceist trínár seoladh tiomnaithe ríomhphoist faisnéise, info@dataprotection.ie, ar méadú é seo aníos ó 12,000 in 2013. Anuas air sin, dhéileálar le ceistanna a fuarthas ar an nguthán agus sa phost.
- Fuaireamar 960 gearán, ar cuireadh tús leo le haghaidh imscrúdú. Cuirtear seo i gcomparáid le 910 gearán ar cuireadh tús leo le haghaidh imscrúdú in 2013.
- Bhain an chatagóir shingil ba mhó de ghearáin le hiarratais rochtana, arbh ionann iad agus nach mór leath an iomláin, a léirigh feasacht phoiblí maidir ceart rochtana ar shonraí a bhí á gcoimeád fúthu.
- Bhain an dara catagóir ba mhó de ghearáin le margú díreach leictreonach.
- Cé gur réitíodh tromlach mór na ngearán go cairdiúil, rinneamar cinntí foirmiúla in 27 cás, ar sheasamar go hiomlán leis an ngearán in 18 gceann díobh.
- Tháinig catagóir nua ghearáin chun solais in 2014, a bhain le díliostú ó thorthaí cuardaigh idirlín, tar éis cás Google na Spáinne – fuaireamar 32 de na gearáin siúd i leith innill chuardaigh.
- Rinneamar 9 n-aonán a ionchúiseamh mar gheall ar 162 cion, ar an iomlán, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus faoi na Rialacháin um Príobháideachtas i gCumarsáid Leictreonach, 2011.
- Cé go ndéanann tromlach mór na n-eagraíochtaí idirchaidreamh linn ar bhonn deonach, d'eisíomar trí Fhógra Reachtúla Forfheidhmiúcháin.
- Fuaireamar 2,264 fógra um shárú slándáil sonraí, ar méadú 681 fógra é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Rinneadh cion d'Iarratais ar Rochtain ar Ábhar a Forfheidhmíodh – nuair a cheanglaítear ar iarratasóirí poist faisnéis phearsanta a fhoinsiú fúthu féin ó eagraíochtaí ar nós an Gharda Síochána – in 2014, agus d'oibríomar chun an cleachtas seo a chomhrac.
- Thugamar faoi 38 iniúchadh agus cigireacht, agus thugamar tús áite do chuideachtaí ilnáisiúnta teicneolaíochta agus do mhóreagraíochtaí na hearnála poiblí.
- Chríochnaíomar ár n-iniúchadh ar LinkedIn-Éire, agus foilsíodh ár n-iniúchadh ar an nGarda Síochána.

- Rinneamar idirchaidreamh le cuideachtaí móra teicneolaíochta ilnáisiúnta, le ceanncheathrúna nó le láithreachtaí suntasacha in Éirinn, maidir le saincheisteanna iomadúla, ar nós táirgí agus seirbhísí nua a bheartaítear agus saincheisteanna um chosaint sonraí atá ag teacht chun cinn.
- D'fhoilsíomar *Treoir maidir leis an bPróiseas Iniúchta* a leasaíodh.
- D'fhaomhamar Cóid Chleachtas nua um Chosaint Sonraí leis an tSeirbhís Phromhaidh agus leis an Roinn Sláinte.
- In Aibreán 2014, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) go raibh Treoir maidir le Coinneáil Sonraí, 2006 neamhbhailí, agus bhí ar roinnt ballstát den Aontas Eorpach a reachtaíocht sa limistéar seo a leasú, dá bharr.
- Eisíodh breithiúnas an CBAE i mBealtaine 2014 i gcás Google na Spáinne, a bhí mar chúis le hathruithe suntasacha ar an timpeallacht um chosaint sonraí san Eoraip maidir le hinnill chuardaigh, ach go háirithe.
- D'eisigh an CBAE breithiúnas i gcás Rynes i Nollaig 2014, a bhain le sonraí agus CCTV baile a úsáid.
- D'fhreastail an Coimisinéir nó an Leas-Choimisinéir ar gach réamhchruinniú de chuid Pháirtí Oibre Airteagal 29, a ghníomhaíonn mar chomhairleoir don Aontas Eorpach maidir le saincheisteanna um chosaint sonraí.
- Ghlacamar páirt sa dara Rianú Príobháideachais de chuid an Líonra Dhomhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais, agus rinneadh anailís ar 20 aip i dtaobh saincheisteanna sonraí agus príobháideachais.
- Chruthaíomar agus reáchtáladar sraith cur i láthair do mhic léinn dara leibhéal maidir le cibearfheasacht agus príobháideachas i dtaca le haipeanna.
- B'ionann ár gcostais reatha in 2014 agus €2,274,438, ar méadú seo aníos ó chostais reatha €1,960,999 na bliana roimhe seo. Tháinig méadú ar fháltais ó tháillí aníos go dtí €714,697 ó €647,997.
- Dhéileáladar le breis agus 500 ceist ó na meáin.
- I nDeireadh Fómhair 2014, thosaíomar le Scéim nua Ghaeilge, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus leanamar le seirbhís Ghaeilge, mar aon le faisnéis Ghaeilge a sholáthar trínár láithreán gréasáin, www.cosantasonrai.ie.

- Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2014. Ón 14 Aibreán 2015 ar aghaidh, bhí Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (CCS) faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 go páirteach.


GEARÁIN A FUARTHAS

I gcaitheamh 2014, fuair an Oifig 960 gearán, ar cuireadh tús lena n-imscrúdú. Cuirtear seo i gcomparáid le 910 gearán a fuarthas in 2013.

Arís eile, bhain an chatagóir shingil ba mhó de ghearáin le hiarratais rochtana. B'ionann an chatagóir ghearáin seo agus 54.3% den iomlán foriomlán in 2014, agus fuarthas 521 gearán, a sháraíonn an líon b'airde a fuarthas an bhliain roimhe sin (fuarthas 517 gearán sa chatagóir seo in 2013). Faoi mar a tugadh faoi deara i dtuarascálacha roimhe seo, cuireann an t-ardleibhéal gearán maidir le hiarratais rochtana an leibhéal méadaithe d'fheasacht in iúl i measc an phobail i gcoitinne ar a gceart reachtúil rochtana agus cuireann sé in iúl, chomh maith, méid na ndeacrachtaí a mbíonn roinnt daoine thíos leo ina gcuid iarrachtaí chun a gcearta a chur i bhfeidhm agus na bacainní a leagann roinnt rialaitheoirí sonraí rompu.

Bhain an dara catagóir ba mhó de ghearáin le margú díreach leictreonach. Imscrúdaítear na gearáin seo faoi na Rialacháin um Príobháideachtas i gCumarsáid Leictreonach, 2011 (I.R. 336 de 2011). I gcaitheamh 2014, chuir an Oifig tús le 176 gearán den sórt sin lena n-imscrúdú (18.3% den líon foriomlán). Is laghdú 28 gearán é seo i gcomparáid le 2013. Bhain na gearáin seo le teachtaireachtaí téacs, glaonna gutháin, teachtaireachtaí facs agus ríomhphoist mhargaíochta díri gan iarraidh. Ábhar tábhachtach é gurb é seo an chéad bhliain ó 2005 inar tháinig laghdú ar na gearáin sa chatagóir seo faoi bhun 200 i mbliain féilire. Cuirtear fáilte roimh an bhforbairt seo, go háirithe nuair a thugaimid chun cuimhne gur bhain gearáin faoi mhargaíocht dhíreach an líon b'airde amach riamh in 2007 nuair a fuair an Oifig 538 gearán den saghas sin – arbh ionann sin agus os cionn trí huaire líon iomlán 2014. Tá muinín ag an Oifig seo gur chuir a straitéis ionchúisimh ghníomhaigh sa limistéar seo leis an meath foriomlán a tháinig ar an gcatagóir seo ghearáin.

Réitíodh tromlach mór na ngearán a tugadh chun críche in 2014 ar bhonn cairdiúil trí iarrachtaí na hOifige gan an gá bheith ann cinneadh foirmiúil a dhéanamh faoi Alt 10 de na hAchtanna. Tá dualgas orainn iarracht a dhéanamh gearáin a réiteach ar bhonn cairdiúil sa chéad ásc. In 2014, rinne an Coimisinéir 27 cinneadh foirmiúil ar an iomlán: sheas 18 gceann díobh seo leis an ngearán; sheas 2 cheann leis an ngearán go páirteach agus dhiúltaigh 7 gcinn ábhar an ghearáin. Tugadh 829 imscrúdú chun críche ar ghearáin, ar an iomlán, in 2014.



2014

Complaints opened in year = Gearáin ar cuireadh tús leo sa bhliain	960
Total Complaints Concluded in year = Iomlán na nGearán a Tugadh chun Críche sa bhliain	829
Total Complaints Outstanding at end of year = Iomlán na nGearán gan Réiteach ag deireadh na bliana	549

Léiríonn Tábla 1 miondealú ar ghearáin a fuarthas de réir saincheiste um chosaint sonraí. Gan na 176 gearán a chur san áireamh (thart ar 18.3%) a bhain le sáruihte líomhnaithe ar I.R. 336 de 2011, bhain na 784 ceann eile díobh (thart ar 81.7%) le sáruihte líomhnaithe ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tugtar i dTábla 2 sonraí ar an líon gearán a fuarthas ar bhonn bliantúil ó 2005 i leith.

Tábla 1 – Miondealú ar ghearáin a fuarthas de réir saincheiste um chosaint sonraí in 2014.

	Céatadán	Iomlán
Ceartha Rochtana	54.3%	521
Margaíocht Dhíreach Leictreonach	18.3%	176
Nochtadh	7.2%	69
Próiseáil Éagórach Sonraí	5.0%	48
Díliostú ó Thoradh Cuardaigh Idirlín	3.3%	32
Píosa Scannáin CCTV a Úsáid	3.0%	28

Sonraí Iomarca Iarrtha	3.0%	28
Coinneáil Éagórach Sonraí	1.6%	15
Cruinneas	1.1%	11
Teip ar Shonraí a Dhaingniú	1.0%	10
Margaíocht Dhíreach Poist	0.9%	9
An Ceart i leith Ceartú	0.5%	5
Eile	0.8%	8
IOMLÁIN	100.0%	960

Tábla 2 – Gearáin a fuarthas ó 2005 i leith

Bliain	Gearáin a Fuarthas
2005	300
2006	658
2007	1037
2008	1031
2009	914
2010	783
2011	1161
2012	1349
2013	910
2014	960

Tháinig catagóir nua ghearáin chun cinn in 2014 – Díliostú Toradh Cuardaigh Idirlín – a d’eascair as rialáil Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an 13 Bealtaine 2014 i gcás Google na Spáinne vs AEPD agus Mario Costeja (Cás C-131/12) (ar a dtugtar rialáil “Google” na Spáinne go coiteann). Dheimhnigh an rialáil seo cur i bhfeidhm an dlí um chosaint sonraí ar innill chuardaigh agus bhí sé ina chonclúid, chomh maith, go bhféadfadh úsáideoirí iarraidh ar innill chuardaigh, faoi roinnt cúinsí, chun na naisc le faisnéis a dhéanann difear dá bpríobháideachtas go sonrach a bhaint sa chás gur tugadh faoi chuardach in ainm an duine aonair sin. Sa chás go ndiúltaíonn inneall cuardaigh iarratas, féadfaidh an t-ábhar sonraí an cheist a thabhairt os comhair údaráis um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh. D’eisigh Páirtí Oibre Airteagal 29 treoir i Samhain 2014 agus bheartaigh siad critéir dá mballtíortha agus d’innill chuardaigh i dtaobh cinneadh a dhéanamh ar conas ar cheart do rialáil Google na Spáinne bheith curtha i bhfeidhm dá gcásanna díliostaithe. In 2014, fuair an Oifig 32 gearán den saghas sin i gcoinne innill chuardaigh.

Ionchúisimh – rinne an Oifig naoi n-aonán a ionchúiseamh in 2014 mar gheall ar 162 cion, ar an iomlán, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus faoi na Rialacháin um Príobháideachtas i gCumarsáid Leictreonach (I.R. Uimhir 336 de 2011). Sonraítear sonraí breise i mír na gCás-Staidéar den tuarascáil bhliantúil seo ar na hionchúisimh a glacadh in 2014.

FÓGRAÍ REACHTÚLA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, féadfaidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí iarraidh ar rialaitheoir sonraí nó ar phróiseálaí sonraí cibé bearta a ghlacadh a mheasann an Coimisinéir is cuí chun téarmaí na nAchtanna a chomhlíonadh.

Leagtar amach sa tábla a leanas mionsonraí maidir leis na Fógraí Reachtúla Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh in 2014. Baineann an chuid is mó acu le ceart rochtana. Tá súil leis go spreagfaidh foilsiú na liostaí seo na heagraíochtaí go léir a bhfuil gearáin déanta fúthu comhoibriú go hiomlán leis an Oifig seo maidir lena himscrúduithe reachtúla.

Bíodh is gur féidir linn Fógra Forfheidhmiúcháin a eisiúint maidir le roinnt gnéithe de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ní gá é sin a dhéanamh de ghnáth. Comhoibríonn formhór mór na n-eagraíochtaí go deonach leis an Oifig agus ní bhíonn aon ghá le fógra foirmiúil dlíthiúil chun imscrúdú a chur chun cinn.

Fógraí Forfheidhmiúcháin a eisíodh in 2014:

Rialaitheoir Sonraí:	Maidir le:
Kevin P. Kilrane & Co	Alt 4(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí
Paddy Power Plc	Alt 2(1)(d) agus Ailt 2C(1)(b)(i) agus (ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí
Sciamhlann Toplook	Alt 4(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí

FÓGRAÍ FAISNÉISE ROGHNAITHE

Faoi Alt 12 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, féadfaidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí iarraidh ar dhuine pé faisnéis a sholáthar di a dteastaíonn ón gCoimisinéir chun tabhairt faoina feidhmeanna, ar nós tabhairt faoi imscrúdú. Tá liosta thíos d'Fhógraí Faisnéise Roghnaithe a eisíodh in 2014.

Rialaitheoir Sonraí:

Truck Plant Mobile Services Limited

ESB Electric Ireland Limited

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (PCRS)

Comhar Creidmheasa Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh Teoranta

Comhar Creidmheasa Naomh Pól an Gharda Síochána Teoranta

Comhar Creidmheasa na Linne Duibhe Teoranta

Comhar Creidmheasa Ghleann Maghair agus Dúiche Teoranta

Comhar Creidmheasa Bhaile an Locha Teoranta

Comhar Creidmheasa Baile Mhistéala Teoranta

FÓGRAÍ UM SHÁRÚ SONRAÍ

I rith 2014, dhéileáil an Oifig le 2,264 fógra um shárú ar shlándáil sonraí pearsanta. Mheas an Oifig nach raibh 76 de na fógraí siúd rangaithe mar shárúithe slándála sonraí, faoi phrionsabail *an Chóid Chleachtais maidir le Sárú Slándála Sonraí Pearsanta*. Cuireadh 2,188 fógra bailí um shárú ar shlándáil shonraí i gcuntas.

Méadú 681 fógra é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Méadú mór a tháinig ar an líon sárúithe ar shlándáil sonraí trí nochtadh a rinneadh trí bhealaí poist agus leictreonacha atá mar chúis leis na líonta méadaithe. Ón earnáil airgeadais a thagann an chuid is mó de na sárúithe cor poist a chuirtear in iúl don Oifig, arb ionann sin agus dhá thrian de na fógraí sin. Tá roinnt saincheistanna mar chúis leis na sárúithe, ar nós sonraí tríú páirtí a bheith curtha san áireamh gan chuimhneamh i gcomhfhreagras, seoltaí a bheith curtha i gcuntas go mícheart ag tráth an bhailithe, nó sonraí a bheith eisithe do bhróicéirí nach bhfuil ag gníomhú thar ceann an duine aonair a ndearnadh difear dó/di. Tá sárúithe eile ar shlándáil sonraí ann a mbíonn saincheistanna teicniúla mar chúis leo, ach baineann an chuid is mó díobh le hearráid shimplí an duine. Is éagsúil a bhíonn an tionchar a imríonn na sárúithe ar shlándáil sonraí siúd ar dhaoine a ndearnadh difear dóibh. In go leor cásanna, cuireann an sárú daoine in ísealbhaol. I roinnt cásanna, áfach, bíonn cúis náire ann don duine aonair a ndearnadh difear dó/di nuair a bhaineann an comhfhreagras le fiachais nár íocadh astu agus, i gcásanna teoranta, rochtain mhíchuí ar fhaisnéis chuntais. Is gnách go gcuirtear an rialaitheoir sonraí ar an eolas ar an tsaincheist nuair a chuireann an faighteoir tríú páirtí ar an eolas iad. Lorgóidh an rialaitheoir sonraí, ina dhiaidh sin, chun na cáipéisí a sheoladh ar ais nó a dheimhniú go millfear na cáipéisí.

Rinne roinnt daoine aonair teagmháil leis an Oifig a fuair fógra ó institiúid airgeadais gur nochtadh a sonraí pearsanta. Ábhar buartha a chuireann siad in iúl ná nach fios dóibh cé a fuair an fhaisnéis sin fúthu. Ní féidir leis an rialaitheoir sonraí ainm agus seoladh fhaighteoir na sonraí a scaoileadh, mar gheall gurbh ionann seo agus nochtadh breise sonraí pearsanta. Ní féidir leis an rialaitheoir sonraí ach a chur in iúl gur éirigh leo seoladh ar ais na gcáipéisí a bhaint amach nó go bhfuil deimhniú faighte acu gur milleadh na cáipéisí. Ar a bharr sin, ní mór don rialaitheoir sonraí na socruithe cuí slándála a bheith i bhfeidhm lena chinntiú nach mór d'aon duine a dhéanann teagmháil leo bheith in ann a n-aitheantas a fhíorú sula gceadaítear dóibh rochtain a fháil ar shonraí cuntais.

Is gnách nach n-imríonn na sárúithe seo tionchar ach ar dhuine nó beirt ag aon tráth amháin. Faigheann an Oifig go leor fógraí ó shaghsanna eile de rialaitheoir sonraí ar féidir leo tionchar a imirt ar chúpla míle duine ag aon tráth amháin. I roinnt cásanna, is féidir leis an rialaitheoir sonraí láithreach a bheith aige/aici i ndlínsí iomadúla, agus déanfaidh an Oifig seo idirchaidreamh leis na húdaráis ábhartha cosanta sonraí i ndlínsí eile chun tabhairt faoi imscrúdú ar an sárú ar shlándáil sonraí. Sampla amháin d'imscrúdú den saghas sin ná an fógra um shárú ar shlándáil sonraí a fuarthas ó Adode i

nDeireadh Fómhair 2013. Rinne an sárú ar leith seo difear do na milliúin duine. D'iontráil an Oifig seo i gcomh-imscrúdú na ceiste le hOifig Coimisinéir Príobháideachais Cheanada agus Oifig Choimisinéir Faisnéise na hAstráile, agus foilsíodh torthaí an imscrúdaithe seo le déanaí. Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le Coimisiún um Thrádáil Chónaidhme SAM i rith an imscrúdaithe. Fuair an Oifig iarratais, chomh maith, ar chabhair chun saincheisteanna a imscrúdú ó dhlínsí eile a lorgaíonn faisnéis maidir le rialaitheoirí sonraí atá bunaithe in Éirinn. Tá an Oifig seo tiomanta do chabhair a sholáthar dár gcontrapháirteanna i ndlínsí eile lena chinntiú go mbaineann cách taitneamh as cearta um chosaint sonraí.

De bharr leathadh tíreolaíoch custaiméirí rialaitheoirí móra sonraí, féadfaidh sárú ar shlándáil sonraí difear a dhéanamh do dhaoine i measc go leor dlínsí. Ábhar spreagtha é fios a bheith againn gur féidir le húdaráis um chosaint sonraí oibriú le chéile, a n-eolas agus a dtaithe á gcomhroinnt, agus imscrúdú á dhéanamh ar na sárúithe siúd lena chinntiú go gcosnaítear cearta an duine. D'oibrigh an Oifig seo go dlúth le hOifig Coimisinéir Príobháideachais Cheanada agus Oifig Choimisinéir Faisnéise na hAstráile i rith an imscrúdaithe ar shárú ar shlándáil sonraí Adobe agus gabhaimid buíochas leo as ucht a gcúnaimh fhíor-luachmhair sa cheist seo. Anuas air sin, gabhaimid buíochas le Coimisiún um Thrádáil Chónaidhme SAM as ucht a n-ionchuir sa cheist seo.

Rinne tríú páirtí saincheisteanna a fhógairt linn, a thagann ar shárúithe féideartha ar chearta slándála sonraí. I gcás amháin anuraidh, tugadh fógra dúinn i leith láithreán gréasáin a raibh an chuma air go raibh cáipéisí á n-óstáil aige inar cuimsíodh ainm, seoladh agus UPSP thart ar 38,000 duine aonair. Bhí an láithreán gréasáin á óstáil in Oirthear na hEorpa. Nuair a scrúdaigh an Oifig seo an láithreán gréasáin, bhí an chuma air gur chuimsigh sé liosta d'ainmneacha, seoltaí agus UPSPanna bailí. Nuair a rinneadh imscrúdú air, bhí an chuma air gur cruthaíodh an comhad in 2009. Rinneamar teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí araon, agus lorgaíomar a gcabhair sa cheist. Sholáthraíomar cóip dóibh de na sonraí a bhí á n-óstáil ar an láithreán gréasáin agus d'iarramar orthu an bhféadfaidís foinse na sonraí a shainaithint. Thug an Roinn agus na Coimisinéirí araon le fios, cé go raibh cuid de na hainmneacha agus na seoltaí bailí, níorbh uimhreacha bailí na UPSPanna. Ansin rinneamar teagmháil leis an gcuideachta óstála don láithreán gréasáin agus d'iarramar orthu go dtógfaidís anuas na sonraí ábhartha. Baineadh na sonraí ón láithreán gréasáin ina dhiaidh sin.

Soláthraíonn na táblaí atá ar ceangal miondealú ar na fógraí a fuarthas.

Líon na bhFógraí ar Shárú a Fuarthas in 2014

Líon iomlán na bhfógraí ar Shárú a Fuarthas	2264
An líon ar Measadh nár Shárúithe iad	76
Líon na bhFógraí ar Shárú	2188

Líon na nEagraíochtaí a rinne Fógraí ar Shárú in 2014

Eagraíochtaí na hEarnála Príobháidí	254
Eagraíochtaí na hEarnála Poiblí	60

Fógraí ar Shárú – de réir Catagóire

Catagóir	Líon
Goid Trealamh TF	41
Slándáil Láithreán Gréasáin	34
Sáruihte Poist (an Post)	1318
Sáruihte Poist (Leictreonach)	274
Saincheisteanna a bhaineann le Slándáil	153
Eile	368
Iomlán	2188


Comparáid idir na Fógraí ar Shárú – de réir Bliana

2010	410
2011	1167
2012	1592
2013	1507
2014	2188

Comparáid idir Eagraíochtaí a rinne Fógraí ar Shárú

Bliain	An Earnáil Phríobháideach	An Earnáil Phoiblí	Iomlán
2010	89	34	123
2011	146	40	186
2012	220	84	304
2013	246	61	307
2014	254	60	314

Sáruihte de réir Catagóire



Other	Eile
Security	Slándáil
Mailing Breaches (Electronic)	Sáruihte Poist (Leictreonach)
Mailing Breaches (Postal)	Sáruihte Poist (Post)
Website Security	Slándáil Láithreán Gréasáin
Theft of IT Equipment	Trealamh TF a Ghoid

IARRATAS AR ROCHTAIN AR ÁBHAR A FORFHEIDHMÍODH

Déantar “iarratas ar rochtain ar ábhar a forfheidhmíodh” nuair a leagann fostóir féideartha nó eagraíocht, a bhfuiltear ag déileáil leo, dualgas ar iarratasóir iarratas rochtana a dhéanamh faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí le rialaitheoir sonraí. Is gnách go n-iarrtar ar an duine aonair, ansin, an fhaisnéis seo a sholáthar dá bhfostóir/bhfostóir ionchasach/ngníomhaireacht earcaíochta.

Cuireann an Coimisinéir Cosanta Sonraí in iúl do gach rialaitheoir agus próiseálaí sonraí gur cion anois atá i rochtain ar ábhar a forfheidhmíodh. In 2014, shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Ionstraimí Reachtúla 337 agus 338, a chuir na hAchtanna um Chosaint Sonraí i bhfeidhm le héifeacht ón 18 Iúil 2014, lena n-áirítear Alt 4(13) de na hAchtanna.

Mar gheall go bhfuil Alt 4(13) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí i bhfeidhm, tá sé in aghaidh an dlí, ar an ábhar sin, go n-iarrann fostóirí ar fhostaithe nó ar iarratasóirí ar fhostaíocht iarratas ar rochtain a dhéanamh faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann seo, chomh maith, le haon duine a fhostaíonn duine eile chun seirbhís a sholáthar, ar nós gníomhaireachta earcaíochta nó eagraíocht réamhscagtha. Tá cion coiriúil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí déanta ag fostóir a iarrann ar fhostaí nó ar fhostaí ionchasach chun iarratas ar rochtain den saghas sin a dhéanamh.

In 2015 agus amach anseo, beartaíonn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun dul sa tóir go gníomhach ar aon mhí-úsáid a bhraitear sa limistéar agus ionchúiseamh a dhéanamh ina leith. Luaitear in Alt 4(13) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí:

(a) Ní dhéanfaidh duine, i ndáil le —

- (i) duine eile a earcú mar fhostaí,
- (ii) duine eile a fhostú go leanúnach, nó
- (iii) conradh chun seirbhísí a sholáthar dó nó di ag duine eile, iarraidh ar an duine eile —
 - (I) iarratas a dhéanamh faoi fho-alt (1) den alt seo, nó
 - (II) sonraí a sholáthar dó nó di a bhaineann leis an duine eile sin a fuarthas mar thoradh ar an iarratas sin.

(b) Beidh duine a sháraíonn alt (a) den fho-alt seo ciontach i gcion.

San RA, ar an gcuma chéanna, tá tús feidhme curtha le hAlt 56 d’Acht um Chosaint Sonraí na RA, 1998 (ACS) go luath in 2015 agus tá sé anois ina chion coiriúil go gceanglaíonn fostóirí ar iarrthóir nó ar fhostaí reatha a chearta nó a cearta um rochtain ar ábhar a úsáid faoi Achtanna um Chosaint Sonraí na RA chun taifid áirithe a fháil agus a sholáthar don fhostóir mar choinníoll fostaíochta.

Iarratais ar Rochtain Alt 4 leis an nGarda Síochána

I gcás iarratas ar rochtain leis an nGarda Síochána, níor cheart a mheas gurb ionann faisnéis a scaoiltear léi faoi iarratas ar rochtain amhail nós imeacht foirmiúil grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar mhaithe le fostaíocht nó le cuspóirí eile.

Tá grinnfhiosrúchán éigeantach faoin reachtaíocht, ar nós an Achta um Chúram Leanaí, 1991, na Rialacháin um Chúram Leanaí, 2006 agus an Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Anuas air sin, tugtar faoi ghrinnfhiosrúchán maidir le roinnt fostaithe stáit a oibríonn i limistéir leochaileacha agus síneadh grinnfhiosrúchán, chomh maith, chuig daoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí; cuimsíonn an tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, (foireann slándála club oíche etc) iad seo. In 2014, phróiseáil Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána os cionn 320,000 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán.

Mar chuid de mheasúnú iar-iniúchta an Gharda Síochána (foilsíodh an tuarascáil i Márta 2014), tá monatóireacht á déanamh ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an líon iarratas ar rochtain a rinneadh faoi Alt 4 de na hAchtanna leis an Aonad Próiseála um Chosaint Sonraí. Amhail tuarascáil iniúchta AGS, tugadh faoi deara go bhfuair an tAonad Próiseála um Chosaint Sonraí 11,266 iarratas ar rochtain in 2012. In 2014, cuireadh a mhacasamhail de líon i gcuntas: 11,219.

Tá Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí in amhras go bhfuil figiúirí seo na n-iarratas ar rochtain an-ard i dtaobh líon na ndaoine a bhfuil a gcearta um chosaint sonraí á ngairm acu trí na hiarratais siúd a dhéanamh leis an nGarda Síochána. Ábhar buartha is ea an t-ionchas fíor go rachadh eagraíochtaí nach gcáileofaí go dlisteanach chun tabhairt faoi sheiceáil ghrinnfhiosrúcháin i muinín Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ina ionad sin, agus, go héifeachtach, go dtabharfaidís faoi “ghrinnfhiosrúchán tríd an gcúldoras”. Ábhar atá fiú níos suaití is ea go bhféadfadh iarratas ar rochtain faoi Alt 4 sonraí a nochtadh a bheadh i bhfad ní b’íogaire ná mar a nochtfaí de bhun seiceáil dhlísteanaigh ghrinnfhiosrúcháin.

D’fhéadfadh gach rud atá á choimeád ar thaifid an Gharda Síochána faoi dhuine a nochtadh (faoi réir roinnt díolúintí faoi Alt 4 agus 5 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí) eascairt as iarratas ar rochtain faoi Alt 4. Is amhlaidh atá seo go príomha mar gheall go mbeartaítear go mbeidh na sonraí a nochtar ar mhaithe le faisnéis a sholáthar don duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh acu, agus an duine sin amháin.

Bhí seiceáil ghrinnfhiosrúcháin faoi réir srianta áirithe ar an méid a d’fhéadfaí a nochtadh. I bhforbairt a rinneadh le déanaí, an 31 Márta 2014, chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais “scagaire riaracháin”¹ i bhfeidhm go gcuirfí i bhfeidhm é i measc gach iarratais ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Níos imeachta nua atá sa scagaire riaracháin atá á chur i bhfeidhm

¹ <http://www.garda.ie/Documents/User/Garda%20Vetting%20Procedures%20-Aministration%20Filter%20revised.pdf>

ag Lárionad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána chun roinnt mionchiontuíthe a cheadú atá os cionn seacht mbliana d'aois a bhaint ó nochtadh. Leanfaidh an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar an limistéar seo i ndiaidh gur cuireadh tús feidhme le hAlt 4(13) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

INIÚCHTAÍ PRÍOBHÁIDEACHAIS

Tugtar de chumhacht don Choimisinéir cigireachtaí agus iniúchtaí príobháideachais a dhéanamh chun a chinntiú go mbítear i gcomhlíonadh leis na hAchtanna agus chun na sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint. Beartaítear go gcabhraíonn iniúchtaí sceidealaithe leis na rialaitheoirí sonraí a chinntiú go bhfuil a gcórais chosanta sonraí éifeachtach agus cuimsitheach agus, uaireanta, bíonn siad forlíontach ar imscrúduithe a dhéanann an Oifig mar fhreagairt ar ghearáin faoi leith. Sainaithnítear na tosaíochtaí agus na spriocanna le haghaidh iniúchta, agus tosca, ar nós mhéid agus chineál na sonraí pearsanta a phróiseálann an eagraíocht mar aon le gearáin agus fiosrúcháin a dhéantar leis an Oifig á gcur san áireamh. Tugtar tús áite ar leith do chuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta a bhfuil bunaíochtaí acu in Éirinn agus do mhórshealbhóirí sonraí pearsanta san earnáil phoiblí. I gcaitheamh na bliana, tugadh faoi 38 iniúchadh agus imscrúdú. Anuas air sin, tugadh faoi iniúchadh deascbhunaithe ar 20 aip shoghluaiste mar chuid de Rianú Domhanda Príobháideachais Idirlín den téama “Príobháideachas Soghluaiste”. Lean an Oifig, chomh maith leis sin, lena gclár d'iniúchtaí neamhsceidealaithe faoi na cumhachtaí a bhronntar ar an Oifig faoi alt 24 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

I Lúnasa 2014, foilsíodh *Treoir maidir leis an bPróiseas Iniúchta* a leasaíodh. Foilsíodh an treoir i dtosach in 2009. Nuashonraíodh an leagan leasaithe chun forbairtí reachtúla a chur san áireamh a rinneadh ina dhiaidh sin agus chun aon athruithe a léiriú a tháinig ar chur chuige Oifige an Choimisinéara Cosanta Sonraí i leith an phróisis iniúchta.

Amhail blianta roimhe seo, saindearadh an clár iniúchtaí lena ligean béim a leagan ar roinnt spriocanna a roghnaíodh go cúramach; in 2014, b'éard a bhí i gceist leis seo ná díriú ar thuarascáil iniúchta LinkedIn-Éire mar aon le hiniúchadh 2013 ar LinkedIn-Éire a chríochnú agus foilsiú na tuarascála ag an nGarda Síochána ar www.garda.ie.

Limistéar amháin a roghnaíodh le haird ar leith a thabhairt air in 2014 a bhí i ngníomhaíochtaí próiseála sonraí comhair chreidmheasa, imscrúdaitheoirí príobháideacha, cuntasóirí agus coigeartóirí dliteanais. Díríodh ar gach ceann de na haonáin seo ar bhonn imscrúdú leanúnach ag an Oifig ar rochtain mhíchuí a fháil ar bhunachair shonraí stáit ag gníomhairí a bhí ceaptha ag eagraíochtaí a bhíonn ag tabhairt faoi fhiachais. Beidh comhlachtaí árachais agus institiúidí airgeadais eile mar ábhar an scrúdaithe sin ag an Oifig amach anseo i dtaca leis an úsáid a bhaineann siad as imscrúdaitheoirí príobháideacha chun scrúdú a dhéanamh ar éilimh árachais a d'fhéadfadh bheith calaoiseach.

I dtaobh na hearnála poiblí, leagadh béim ar sheirbhísí i measc na saoránach, ar nós na hoifige mótarchánach, Ionad na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid, Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus seirbhís um ghearáin ó chustaiméirí FSS “Do Sheirbhís, Do Ghlor” (“Your Service Your Say”).

Rinneadh iniúchadh ar cheann de na bróicéirí sonraí is mó sa stát lena gcomhlíonadh a chinntiú le prionsabail na fála agus na próiseála córa, mar aon le rialacháin maidir le margaíocht dhíreach. Ina theannta sin, thug an fhoireann aghaidh ar chlár iniúchtaí ar ionaid siopadóireachta, go háirithe maidir le ceamaraí CCTV agus an ceanglas go mbíonn beartas CCTV i bhfeidhm. Limistéar eile ar ar díriodh ba ea an earnáil scéimhe agus chosmaidí inar roghnaíodh slabhra mór clinic scéime agus cuideachta thanaithe lena n-iniúchadh. I ngach cás, bhí an deis ag an Oifig chun réimse moltaí a bhí saindeartha a eisiúint do gach eagraíocht; agus thaispeáin siad go léir toilteanas chun riachtanais na moltaí seo a chomhlíonadh. I dtaobh idirchaidreamh earnála bunaithe ar na torthaí iniúchta, tá an Oifig seo ag casadh le hionadaithe comhlachtaí miondíola chun dul i ngleic níos mó le saincheisteanna a sainaitheáil i rith an chláir sprioctha iniúchtaí in ionaid siopadóireachta.

LinkedIn-Éire

In 2013, cuireadh tús le móriniúchadh ar LinkedIn-Éire (LI-É). Tugadh faoi ghné ar an suíomh den iniúchadh i mBealtaine 2013 i gceanncheathrú Eorpach LinkedIn-Éire i mBaile Átha Cliath. Lean tástáil dhian ar na córais agus idirghníomhú leis an gcuideachta i rith 2013 agus isteach in 2014. Críochnaíodh tuarascáil iniúchta LinkedIn-Éire in Iúil 2014 i ndiaidh plé mionsonraithe agus soiléiriú le LI-É.

Mar chuid d'idirchaidreamh leanúnach na hOifige seo le rialaitheoirí um chosaint sonraí eile na hEorpa, b'éard a bhí i gceist le hullmhú na tuarascála ná comhairliúchán le Páirtí Oibre Alt 29 agus le meicníochtaí a Fhoghrúpa Teicneolaíochta, ina bhfuil ionadaí ó údarais um chosaint sonraí ó gach ballstát den AE, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus Coimisiún an AE, i measc a bhallraíochta. Thit an t-idirchaidreamh seo amach lena chinntiú go bhféadfaí freastal ar aon ábhair bhuartha ar leith a bhíonn ag rialaitheoirí aonair um chosaint sonraí. Leanann an Oifig seo le hidirchaidreamh a dhéanamh le LI-É maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na moltaí sa tuarascáil, agus leanfaidh an plé seo ar aghaidh isteach in 2015.

Bhunaigh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí bonn scóipe agus riosca le haghaidh iniúchtaí na gcuideachtaí iomadúla teicneolaíochta ilnáisiúnta eile a bhfuil bunaíochtaí acu in Éirinn. Déanann an próiseas seo na hacmhainní agus na scileanna a theastaíonn a chothromú le riachtanais imscrúduithe eile ar shaincheisteanna teicneolaíochta áirithe a thagann chun solais i rith ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí laistigh den Oifig.

An Garda Síochána

I bhFeabhra 2014, d'fhoilsigh an Garda Síochána tuarascáil an iniúchta um chosaint sonraí faoinar thug an Oifig.

B'éard a bhí san iniúchadh ná scrúdú ar an gcáipéisíocht a sholáthair an Garda Síochána, cigireachtaí ar an suíomh ag Ceanncheathrú an Gharda

Síochána i mBaile Átha Cliath, Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i nDurlas, Lárionad Seirbhísí Eolais an Gharda Síochána (GISC) i gCaisleán an Bharraigh agus líon stáisiúin Ghardaí. Leagadh béim lárnach san iniúchadh ar an bpríomhchóras TF a úsáideann an Garda Síochána chun sonraí a thaifeadh, PULSE, mar gheall gur nochtadh roinnt fianaise sa chéim thosaigh den iniúchadh ar rochtain mhíchuí ar PULSE ag comhaltaí an Gharda Síochána. Le torthaí an iniúchta an bhéim ar limistéir ina dteastaíonn feabhsúcháin. Ar an iomlán, thaispeáin na príomhlimistéir a scrúdaíodh gairmiúlacht thar ceann fórsa an Gharda Síochána i dtaobh comhlíonadh a oibriú i dtaobh na reachtaíochta um chosaint sonraí. Lean an Oifig le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána i rith 2014 i dtaobh na moltaí a chur i bhfeidhm agus tugtar faoi deara go ndearnadh dul chun cinn maith ina leith seo.

TREOIR, RIALACHA CORPARÁIDEACHA CEANGAILTEACHA AGUS CÓID CHLEACHTAIS

I rith 2014, sholáthair an Oifig treoir agus comhairle faoi chosaint sonraí do réimse fairsing eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Cuireadh os cionn 120 comhairliúchán ar siúl, ina raibh méideanna éagsúla d'idirghníomhú i gceist leo leis an Oifig seo. Cabhraíonn treoir a sholáthar ar an mbealach seo le heagraíochtaí chun comhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chinntiú ó thionscnamh a mbeartas agus a dtionscnaimh ghnó ar aghaidh, agus is minic a leanaimid le comhairle a thabhairt fad a thugtar tionscadail isteach.

I measc na dtionscadal a ndearnamar comhairliúcháin ina dtaobh in 2014, bhí:

- An tAcht um Thuairisciú Creidmheasa
- An Bille um Fhaisnéis Sláinte
- An Bille um Spórt Éireann
- Caighdeán um Thuairisciú Creidmheasa
- Eircode/Postchóid
- Uisce Éireann
- Bunachar Sonraí ar Líne Bunscoileanna
- Aitheantóirí Sláinte Aonair/an tAcht um Aitheantóirí Sláinte
- Saincheisteanna um Chosaint Leanaí
- Comhlíonadh SEPA
- Láithreán gréasáin Ghinealas na hÉireann ('Irish Genealogy')
- Méadrú Cliste

Chomh maith leis sin, chuireamar comhairle ar fáil maidir le comhlíonadh na mbeartas um chosaint sonraí laistigh d'eagraíochtaí, mar shampla, conas CCTV a úsáid agus a stóráil ar bhealach comhlíontach. Is gnách go dtéitear i gcomhairle linn maidir le limistéir ar nós taifid leighis a aistriú, aistrithe thar lear, margaíocht dhíreach, UPSP a úsáid agus sonraí leighis a úsáid ar mhaithe le taighde. I rith 2014, dhéileálar le breis agus 1,000 fiosrúchán ar ábhair ar nós iad seo ó eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus poiblí.

Athbhreithnithe ar Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha

Rialacha inmheánacha iad Rialacha Corparáideacha Ceangailteachta lena nglacann grúpaí ilnáisiúnta de chuideachtaí. Tugann na rialacha seo sainmhíniú ar bheartas domhanda maidir le haistrithe idirnáisiúnta de shonraí pearsanta laistigh den ghrúpa céanna corparáideach chuig aonáin i dtíortha nach soláthraíonn leibhéal leordhóthanach de chosaint. Ar an ábhar sin, cinntíonn RCCanna go mbaineann gach aistriú a dhéantar laistigh de ghrúpa sochar ó leibhéal leordhóthanach de chosaint. Is rogha é seo don chuideachta ar an ngá le clásail chaighdeánacha a shíniú gach uair ar gá dóibh sonraí a aistriú chuig comhalta dá ngrúpa. A luaithe a fhaomhtar faoi nós imeachta comhoibríthe an AE é, soláthraíonn RCCanna leibhéal leordhóthanach de chosaint do chuideachtaí chun údarú a fháil i dtaobh

aistrithe ag údaráis náisiúnta um chosaint sonraí. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach soláthraíonn RCCanna bonn le haghaidh aistrithe a rinneadh lasmuigh den ghrúpa.

In 2014, bhí baint ag an Oifig le comhathbhreithniú a dhéanamh ar na RCCanna a leanas, a bhain faomhadh amach ó shin i leith:

- First Data (Próiseálaí RCC – príomh-athbhreithneoir san RA)
- Linkbynet (Próiseálaí RCC – príomh-athbhreithneoir na Fraince)
- TMF (Próiseálaí agus Rialaitheoir RCCanna – príomh-athbhreithneoir na hÍsiltíre)

Tá an Oifig seo ag gníomhú faoi láthair mar an bpríomh-athbhreithneoir in dhá TCC sa bhreis, agus i gcomhathbhreithniú amháin eile.

CÓID CHLEACHTAIS

Ó 2008 i leith, nuair a chuir an Roinn Airgeadais *Nóta Treorach ar Rúndacht Sonraí Pearsanta* (http://www.ict.gov.ie/docs/Data_Protection_Guidelines.pdf) i dtoll a chéile, spreagadh gach roinn, oifig agus comhlacht rialtais chun Cód Cleachtais a ullmhú dá láimhseáil sonraí pearsanta atá le faomhadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí a fháil. D'fháilteodh an Coimisinéir roimh bhreis eagraíochtaí na hearnála poiblí ag teacht faoi dhéin a hOifige lena ndrúacht-Chóid mar bhealach chun cabhrú leo feabhas a chur ar a gcleachtais láimhseála sonraí pearsanta.

Is deas leis an gCoimisinéir a thabhairt le fios, i rith 2014, gur faomhadh dhá Chód Cleachtais um chosaint sonraí faoi Alt 13 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Faomhadh na Cód Chleachtais seo don tSeirbhís Phromhaidh agus don Roinn Sláinte. Soláthróidh na Cód fhaofa seo creatlach shoiléir do na heagraíochtaí seo nuair a bhíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Meastar go gcabhróidh na Cód seo le custaiméirí chun tuiscint a fháil ar conas a úsáidtear a sonraí pearsanta agus cén caighdeán ar cheart dóibh súil a bheith acu leo ina leith seo.

D'oibrigh an dá eagraíocht seo go dlúth leis an Oifig chun na Cód seo a fhorbairt agus baineadh amach na cuspóirí mar gheall go soláthraíonn na Cód treoir chuimsitheach don tSeirbhís Phromhaidh agus don Roinn Sláinte maidir lena bhfreagrachtaí nuair a bhíonn faisnéis phearsanta le cosaint acu.

Ba mhian leis an gCoimisinéir buíochas a ghabháil leis an dá eagraíocht seo as glacadh le meon chomh forásach i dtreo na sochar is féidir a bhaint ó Chód Cleachtais ar shonraí pearsanta a úsáid.

IDIRCHADREAMH TIPICIÚIL LE CUIDEACHTAÍ TEICNEOLAÍOCHTA ILNÁISIÚNTA

Tugaimid faoi mhéid suntasach oibre le cuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta le ceanncheathrú nó le láithreachtaí suntasacha in Éirinn. Is gnách gur cuideachtaí mórsála teicneolaíochta iad seo a chuireann seirbhísí gréasánbhunaithe ar fáil. Go minic, is é Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann an “príomhrialaitheoir” do na cuideachtaí seo maidir lena ngníomhaíochtaí san Aontas Eorpach, faoi chreatlach an Aontais Eorpaigh agus de bharr go bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn. In 2014, rinneamar idirchaidreamh leis na cuideachtaí siúd roinnt uaireanta maidir le táirgí agus seirbhísí reatha, táirgí agus seirbhísí a bheartaítear, agus ceisteanna eile. Ar nós go leor rialaitheoirí timpeall an domhain, ní féidir sonraí a nochtadh go poiblí faoinár n-idirchaidreamh leis na heagraíochtaí seo, mar gheall go bhféadfadh seo tionchar diúltach a imirt ar oscailteacht na gcomhráite siúd agus níos mó deacrachtaí a chruthú do rialáil éifeachtach. Léiríonn na samplaí a dtugtar cuntas thíos orthu, áfach, ár n-obair le cuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta, ar gné shuntasach dár ngníomhaíocht bhliantúil í.

- Idirchaidreamh leanúnach le Facebook Ireland sular tugadh gnéithe nua isteach, sula ndéantar athruithe ar ghnéithe reatha, socruithe príobháideachais agus rialuithe do dhaoine aonair, feidhmeanna fógraíochta, agus a “dTéarmaí agus Coinníollacha” nua a seoladh le déanaí in Eanáir 2015. Áiríodh leis seo scrúduithe dlíthiúla agus teicniúla ar na gnéithe “atá i measc na n-úsáideoirí” a chuireann Facebook ar fáil, mar aon leis an bpróiseáil eagraíochtúil agus theicniúil a bhíonn ar siúl nach dtugtar faoi deara. Ar a bharr sin, thit athbhreithniú suntasach ar an suíomh amach ar mholtaí iniúchta i lár 2014.
- Soláthraíodh scrúdú ar thogra ó dhéantúsóir fearas domhanda (Apple) chun táirge soghluaiste léarscáilithe a thabhairt isteach, anailís theicniúil a dhéanamh ar an togra, agus moltaí don chuideachta maidir le ceisteanna um chosaint sonraí a bhaineann le dlínse na hÉireann agus dlínsí eile féideartha an AE. Glacadh le gach moladh.
- I dtaca lenár n-iniúchadh ar LinkedIn, cinntíonn cruinnithe agus comhfhreagras rialta le LinkedIn gur sonraíodh agus go ndeachthas i ngleic le bonnlíne dheiridh príobháideachais a seirbhíse sa tuarascáil iniúchta sin. Bhí idirchaidreamh agus measúnú fadálach i gceist leis seo ar ghníomhartha LinkedIn bunaithe ar mholtaí an iniúchta. Anuas air sin, pléadh nuashonruithe breise ar sheirbhís LinkedIn agus leanann obair ar bun ar an bpróiseas idirchaidrimh a chúchóiriú.
- Nuashonruithe leanúnach ó Microsoft maidir le saincheisteanna agus soiléiriú maidir le téarmaí, comhaontuithe agus roinnt seirbhísí a bhunú.

- Comhfhreagras, cuairteanna ar an suíomh agus scrúdú ar na Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha agus na bearta eagraíochtúla agus teicniúla lena dtacaíonn siad do líon próiseálaithe sonraí néalbhunaithe atá bunaithe anois in Éirinn san earnáil idir-ghnólachtaí.
- Cuireadh cruinnithe comhairliúcháin ar bun le roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta agus é mar chuspóir fearais bhaile Idirlíon na nEarraí agus seirbhísí sonraí slándála agus sláinte sa néal a bhunú in Éirinn.
- Cuireadh cruinnithe ullmhúcháin ar bun agus sheol eagraíochtaí idirnáisiúnta in Éirinn cáipéisíocht agus athbhreithnithe ar aghaidh sular tugadh faoi iniúchtaí no imscrúduithe féideartha.
- Cuireadh cruinnithe ar siúl agus rinneadh comhfhreagras le líon eagraíochtaí cuardaigh idirnáisiúnta idirlín in Éirinn maidir leis an riachtanas ar a dtugtar “an ceart go ligfí i ndearmad” a láimhseáil.

RIANÚ DOMHANDA PRÍOBHÁIDEACHAIS – SOGHLUAISTE AGUS AIPEANNA

I mBealtaine 2014, ghlac 26 údarás forfheidhmithe príobháideachais, Éire ina measc, páirt sa dara Rianú Príobháideachais de chuid an Líonra Dhomhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais. Roghnaíodh téama an rianaithe – *Príobháideachas Soghluaiste* – mar gheall gur shainaithin go leor údaráis forfheidhmithe príobháideachais aipeanna soghuaiste mar phríomhlimistéar dírithe i gcomhthéacs na n-impleachtaí príobháideachais le haghaidh tomhaltóirí.

Ar an iomlán, scrúdaíodh 1,211 aip. Ina measc, bhí meascán d'aipeanna Apple agus Andróideacha, aipeanna saor in aisce agus a n-íoctar astu, mar aon le haipeanna na hearnála príobháidí ina raibh idir cluichí agus aipeanna sláinte/aclaíochta agus aipeanna nuachta agus baincéireachta i gceist.

I gcás na hÉireann, b'éard a bhí i gceist leis an rianú ná scrúdú a dhéanamh ar 20 aip a baineadh ó roinnt earnálacha, lena n-áirítear iompar, miondíol, na meáin, baincéireacht, siamsaíocht agus an rialtas.

Ba é an toradh ba mhó iontas, bunaithe ar thorthaí [rianú na hÉireann](#) gur dheimhnigh an fhoireann nár thug an fhaisnéis phríobháideachais a sholáthair na haipeanna ach míniú páirteach in 55% de na cásanna a scrúdaíodh ar fhaisnéis phearsanta a bhailiú, a úsáid agus a nochtadh, agus bhí ceisteanna fós le freagairt maidir le roinnt de na ceadanna a iarradh. I dtaobh dea-chleachtais, scrúdaigh foireann an rianaithe dhá aip a bhain le hairgeadas pearsanta – Banc Uladh agus Comhar Creidmheasa Thrá Lí – agus dheimhnigh siad gur bhain an dá aip ardscore amach ar conas a mhíníonn an aip conas a dhéantar na sonraí pearsanta gaolmhara a bhailiú, a úsáid agus a nochtadh. Ag bun an scála, dheimhnigh an fhoireann gur theip ar thrí cinn de na haipeanna faisnéis leordhóthanach a sholáthar don chustaiméir, agus níor sholáthair ceann amháin aon fhaisnéis phríobháideachais ach chomh beag.

Beartaíonn an Oifig, amach anseo, chun scrúdú a dhéanamh ar na cearta ar leag an rianú béim orthu i gcomhthéacs ár n-iniúchtaí cláir ar a mhacasamhail de bhealach a chuireamar scrúdú san áireamh ar fhaisnéis faoi “fhianáin” ar láithreáin ghréasáin aonán ar a ndearnamar iniúchadh ó 2013 i leith.

Anuas air sin, agus ar aon dul lenár bhfeidhm fhoriomlán ghearán, scrúdóimid aon ghearán a dhéanann muintir an phobail linn maidir le cosaint sonraí agus aipeanna soghuaiste.

Ar deireadh, i dtaobh feasachta, sholáthraíomar sraith cur i láthair in 2014 ar chibearfheasacht do dhaltaí dara leibhéal, lena n-áiríodh ceisteanna a bhí dírithe ar dhaoine idir 12 agus 18 mbliana d'aois, a chuir an dúshlán rompu, sula n-íoslódáladís na haipeanna siúd, breithniú a dhéanamh ar cén sonraí pearsanta a theastaíonn ó na haipeanna.

AN TAONTAS EORPACH

Dlíthe Nua um Chosaint Sonraí an AE

Lean tograí an Choimisiúin Eorpaigh do chreatlach nua um Chosaint Sonraí Ginearálta, a foilsíodh in 2012, bheith mar ábhar go leor plé in 2014. D'fhaomh Coiste Pharlaimint na hEorpa (LIBE) téacs na creatlaí i nDeireadh Fómhair 2013 agus tá siad ar feitheamh théacs Chomhairle na nAí, a raibh plé á dhéanamh air go fóill ag deireadh 2014. Meastar go ndéanfaidh an Chomhairle comhaontú ar a shuíomh i Meitheamh 2015 agus go gcuirfidh siad tús, ansin, le hidirbheartaíocht idirphlé trípháirteach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach.

Meitheal Oibre Airteagal 29

In 2014, d'fhreastail an Coimisinéir nó an Leas-Choimisinéir ar gach réamhchruinniú de chuid Pháirtí Oibre Airteagal 29, a ghníomhaíonn mar chomhairleoir don Choimisiún Eorpach maidir le saincheistanna um chosaint sonraí. Anuas air sin, cuireann siad cur i bhfeidhm aonfhoirmeach de dhlí um chosaint sonraí an AE chun chun cinn ar fud an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh. I rith 2014, mhalartaigh siad smaointe ar go leor saincheistanna oibríochtúla agus beartais.

Foghrúpa Airteagal 29

I rith 2014, d'fhreastail comhaltaí foirne Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar chruinnithe rialta Foghrúpa Teicneolaíochta Airteagal 29. Baineann rithabhacht lenár rannpháirtíocht ar an bpainéal seo le comhsheasmhacht i mbeartas agus forfheidhmiú ar leibhéal na hEorpa i dtaobh saincheistanna teicneolaíochta. Tá na hábhair a chuimsítear sna cruinnithe seo fairsing agus éagsúil ach d'eascair comhoibriú astu le bliain anuas i dtuairimí maidir le ceistanna ar nós neamhainmníocht éifeachtach, Idirlíon na nEarraí, méarlorgaireacht fearais, olltiomsú sonraí, tascfhórsa Bheartas Príobháideachais Google agus úsáid fianán ar fud na hEorpa.

Bhí foghrúpaí eile gníomhach i limistéir chlásal samhail chonartha, slándáil náisiúnta, leasa dlisteanacha, cur chuige riosca i leith cosaint sonraí agus rialacha corparáideacha ceangailteacha. Mar gheall ar ról gníomhach na hÉireann sna grúpaí agus sna tuairimí seo, is féidir linn saineolas agus eolas a roinnt lenár gcomhghleacaithe san Eoraip ar réimse fairsing ábhar, agus plé a dhéanamh, i gcomhthráth, ar chur chuige i leith forfheidhmiú, agus tuiscint a fháil ar na difríochtaí a tharlaíonn amanna i gcur i bhfeidhm náisiúnta Threoir ar Chosaint Sonraí an AE.

Comhchomhlachtaí Maoirsithe

I rith 2014, d'fhreastail comhaltaí foirne ar chruinnithe Chomhchomhlachtaí Maoirsithe JSB Europol agus JSA Customs. Bunaíodh na grúpaí seo chun monatóireacht a dhéanamh ar shonraí pearsanta a phróiseáil i mbunachair shonraí mhóra uile-Eorpacha a oibríonn Europol agus údaráis chustaim

Eorpacha. Sa mhullach air sin, ghlac an Oifig páirt in iniúchadh a mhair seachtain amháin ar chórais Europol ar tugadh faoi ag ceanncheathrú Europol sa Háig.

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE)

Cás na Treorach um Choinneáil Sonraí

Ceanglaíonn an Treoir um Choinneáil Sonraí (2006/24/CE) ar ghnólachtaí teileachumarsáide agus cumarsáide leictreonaí eile sonraí aitheantais a choimeád ar ghlaonna gutháin agus ar ríomhphoist, ar nós sonraí tráchta agus láithreach, chun cabhrú leis na póilíní coireanna tromchúiseacha a bhrath agus a imscrúdú. Fágтар ábhar na cumarsáide siúd as an áireamh.

In Aibreán 2014, dheimhnigh an CBAE go raibh an Treoir um Choinneáil Sonraí neamhbhailí ar na bunúis gur sháraigh reachtóirí an AE teorainneacha na comhréireachta maidir leis an Treoir a chur le chéile. Mhaígh an Chúirt gur chuir an Treoir isteach go tromchúiseach ar chearta chun príobháideachais agus um chosaint sonraí pearsanta daoine dá bhforálann an Chairt um Chearta Bunúsacha. Anuas air sin, theip ar an Treoir teorainneacha a bhunú ar rochtain ag údaráis inniúla náisiúnta, ar nós athbhreithniú a rinne údarás breithiúnach nó neamhspleách riaracháin roimhe seo.

Is é éifeacht an bhreithiúnais ná gur gá d'aon bhallstát den AE a rinne an Treoir a thrasuíomh sa dlí náisiúnta a chinntiú go gcomhlíonann an dlí sin an breithiúnas. Rinne roinnt stát den AE a reachtaíocht a dhíbirt nó a leasú mar thoradh ar an mbreithiúnas. Tuigeann an Oifig seo go bhfuil breithniú á dhéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar aon impleachtaí a bhíonn ag cinneadh an CBAE.

Cás Google na Spáinne

I mBealtaine 2014, d'eisigh an CBAE a mbreithiúnas i gcás Google na Spáinne vs AEPD agus Mario Costeja (Cás C-131/12). (Tugtar cás Google na Spáinne nó cás “an chirt go ligfí i ndearmad” ar an gcás seo go coiteann). D'áitigh an Chúirt go bhfuil inneall cuardaigh idirlín freagrach as an bpróiseáil faoina dtugann sé ar fhaisnéis phearsanta a thagann aníos ar leathanaigh ghréasáin a fhoilsíonn tríú páirtithe.

Mar gheall ar an rialáil, tá dualgas ar an inneall cuardaigh idirlín breithniú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine chun naisc a bhaint le leathanaigh ghréasáin atá saor-inrochtana a thagann aníos tar éis cuardach a dhéanamh ar a n-ainm. Leag an Chúirt roinnt foras amach chun iad a bhaint. Má dhiúltaíonn an t-inneall cuardaigh an t-iarratas ón duine, féadfaidh sé/sí iarraidh ar a n-údarás áitiúil um chosaint sonraí (ÚCS) chun breithniú a dhéanamh ar an gcás. Má dhéanann an ÚCS áitiúil i bhfabhar an duine, d'fhéadfaí an t-inneall cuardaigh a ordú chun na naisc a bhaint ó thorthaí cuardaigh. D'fhonn go mbeidh próiseas comhsheasmhach i bhfeidhm chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine aonair, dhréachtaigh Páirtí Oibre Airteagal 29 sraith Treoirlínte chun cabhrú le ÚCSanna).

Ní hamháin gur eascair an ceanglas as an rialáil go ndéanfaidh innill chuardaigh torthaí a bhaineann le daoine aonair a dhíliostú i roinnt cásanna, ach d'imir sí tionchar féideartha ar cheisteanna dlínse sa chás go mbíonn oifigí nó aonáin dhlíthiúla ag bunaíochtaí i mbreis agus tír Eorpach amháin.

Cás Díolúine CCTV Teaghlaigh

I Nollaig 2014, thug an CBAE a mbreithiúnas i gcás Rynes (Cás C-212/13). Bhain sé le sonraí pearsanta a phróiseáil in oibriú córas CCTV baile a suiteáladh chun an réadmhaoin, sláinte agus saol mhuintir an tí a chosaint; ach rinne an córas monatóireacht ar spás poiblí, chomh maith.

Bhí impleachtaí tromchúiseacha ag toradh an cháis ar chur i bhfeidhm Airteagal 3(2) den Treoir um Chosaint Sonraí (95/46/CE). Faoi Airteagal 3(2), níor bhain an Treoir leis an bpróiseáil a rinne duine ar shonraí pearsanta i gcaitheamh gníomhaíocht phearsanta nó teaghlaigh, ar a dtugtar “díolúine theaghlaigh” go coiteann. Bhí píosa scannáin á ghabháil ag an CCTV sa chás seo den bhealach isteach go dtí réadmhaoin in aice leis an teach agus de mhórbhealach poiblí, áfach. Úsáideadh an píosa scannáin i gcás coiriúil.

Mhaígh an Chúirt gurb ar éigean gur cheart díolúine theaghlaigh a fhorléiriú agus nár bhain sé ach le próiseáil i gcúrsa gníomhaíochta atá go hiomlán pearsanta nó gníomhaíocht teaghlaigh amháin. Dheimhnigh siad nár tháinig faireachas poiblí a dhéanann córas teaghlaigh phríobháideach faoi chuimsiú Airteagal 3(2). Ciallaíonn seo go bhféadfaí CCTV a úsáid sa bhaile a ghabhann bóithre agus cosáin phoiblí etc., a fhorléiriú amhail bheith ina oibríocht rialaitheoir sonraí agus go bhféadfadh sé bheith faoi réir iarratais ar rochtain ag muintir an phobail ar na sonraí a ghabh an CCTV. Tá impleachtaí ag an gcinneadh seo, ar an ábhar sin, i dtaobh an díolúine theaghlaigh a chur i bhfeidhm, amhail a fhoráiltear in Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

Cuirfidh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí breithiúnas an CBAE san áireamh nuair a bhíonn breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun solais maidir le díolúine theaghlaigh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA EILE

Rinneadh ionadaíocht don oifig seo ag 35ú Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachais, a bhí ar siúl ar Oileán Mhuirís i Meán Fómhair 2014. Ba é príomhthéama na comhdhála Idirlíon na nEarraí.

Lean an oifig an obair áisiúil a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, chomh maith, go háirithe maidir le cosaint sonraí a fhorfheidhmiú ar bhonn trasteorann.

Taobh amuigh de leibhéal an AE, leanaimid go gníomhach le páirt a ghlacadh i gceisteanna a bhaineann le cúrsaí teicneolaíochta sa Ghrúpa Idirnáisiúnta Oibre um Chosaint Sonraí i dTeileachumarsáid (IWGDPT) agus sa Líonra Innealtóireachta um Príobháideachas Idirlín (IPEN) a cruthaíodh le déanaí.

Ar a bharr sin uile, bhí an oifig ina rannchuiditheoir le ceisteanna sa Líonra Domhanda Forfheidhmithe Príobháideachais (GPEN), áit ar féidir comhoibriú agus eolas a chomhroinnt ar bhonn domhanda le húdaráis um chosaint sonraí lasmuigh den Eoraip – ar príomh-shaincheist í, nuair a chuirtear san áireamh gurb ionadaithe de gach úsáideoir lasmuigh de SAM iad cuideachtaí ó Thuaisceart Mheiriceá nó cuideachtaí ilnáisiúnta eile atá bunaithe in Éirinn.

I rith 2014, lean an Oifig le baint a bheith acu le Cumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachais (IAPP), lena n-áirítear freastal ar a gcuinniú mullaigh sa Bhruiséil i Samhain 2014.

AGUISÍNÍ

Liosta na nEagraíochtaí ar a ndearnadh Iniúchadh in 2014

Cás-Staidéir

- 1) Ionchúisimh: Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- 2) Ionchúisimh: Cionta Margaíochta
- 3) Bailiú Iomarcach Sonraí ag An Post
- 4) Sonraí Tuarastal Fostaí arna Nochtadh ag FSS
- 5) Bailiú Iomarcach Sonraí ag Gníomhaireacht Ligin
- 6) Faisnéis Airgeadais arna Nochtadh ag Comhar Creidmheasa
- 7) Níor Seasadh le Gearán faoi Nochtadh ag Permanent TSB
- 8) Dhiúltaigh SouthDoc Ceart Rochtana a thabhairt d'Othar
- 9) Bailiú Iomarcach Sonraí ag an Roinn Talmhaíochta
- 10) Sonraí Pearsanta arna Nochtadh ag Comhairle Contae
- 11) Teipeann ar Eircom an tAmfhráma Reachtuil a bhaint amach chun Iarratas ar Rochtain a Phróiseáil
- 12) Tháinig Sonraí faoi Mhac Léinn Tríú Leibhéal Aníos ar Láithreán Gréasáin Tríú Páirtí
- 13) Nochtann Rialaitheoir Sonraí Pearsanta le Comhpháirtí Gnó
- 14) Téann Fostaí de chuid Institiúid Airgeadais ar Scor agus Tógann siad Sonraí Pearsanta Custaiméara leo
- 15) Goideadh Ríomhaire Glúine Neamhchriptithe
- 16) Cuireadh Líonra Adode i gContúirt

Cur i láthair

Staitisticí Clárúcháin

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Tuarascáil Fuinnimh

LIOSTA NA NEAGRAÍOCHTAÍ AR A NDEARNADH INIÚCHADH IN 2014

Ar an iomlán, dheimhnigh na foirne iniúchta go raibh feasacht agus comhlíonadh sách ard i leith na bprionsabal um chosaint sonraí sna heagraíochtaí ar a ndearnadh iniúchadh. Ina ainneoin seo, bhí i dtromlach na n-eagraíochtaí limistéir inar theastaigh gníomh láithreach réitigh. Tugadh faoi deara, le sásamh, gur léirigh tromlach na rialaitheoirí sonraí ar a ndearnadh iniúchadh toiliú chun nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil a gcuid freagrachtaí um chosaint sonraí á gcomhlíonadh go hiomlán. Ba mhian leis an gCoimisinéir buíochas a ghlacadh le gach ceann de na heagraíochtaí ar a ndearnadh iniúchadh agus cigireacht i gcaitheamh na bliana mar gheall ar a gcomhoibriú.

- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Lifestyles Online Ireland Ltd ag trádáil mar Data Xcel
- Abtran
- Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA) Bhaile Átha Luain
- Oifig Mótarchánach Chill Dara
- Seirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh Dhurlais
- Therapie
- Ionad Siopadóireachta Whitewater (CCTV)
- Coigeartóirí Dliteanais Garwyn
- Ionad Siopadóireachta Jervis (CCTV)
- An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána
- “Do Sheirbhís, Do Ghlór, (“Your Service Your Say”) (FSS)
- Liability Claims Appraisers Ltd
- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Parkbytext
- Pageboy (a bhain le hiniúchadh ar Parkbytext)
- Unislim
- MCK Rentals Ltd ag trádáil mar MCK Investigations Ltd
- Cuntasóirí Mara & Young
- Byrne O’Byrne Associates
- Cuntasóirí Cairte na hÉireann
- Oifig Taifead UCD
- M & F Finance Ltd
- Comhar Creidmheasa Cheantar Leamhcáin
- Positive Moves, Rialto
- Comhar Creidmheasa Fhostóirí CIÉ Luimnigh
- Comhar Creidmheasa Naomh Cainneach
- Comhar Creidmheasa Chora Droma Rúisc agus Ceantair
- Supervalu Mhig Lannchaidh, Cora Droma Rúisc
- Seirbhísí Cúram Leanaí Phobal Bhaile na Carraige
- Comhar Creidmheasa an Mhuilinn gCearr
- Comhar Creidmheasa Bhré
- Toplook, Baile Átha Cliath
- Comhar Creidmheasa Dhurlais
- Soundstore, Corcaigh

- Catoca ag trádáil mar Emo Tea Rooms
- EGIS (Bothanna Dola Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath)
- Dánlann Náisiúnta na hÉireann

CÁS-STADÉIR

Cás-Staidéar 1: Ionchúisimh: Imscrúdaitheoirí Príobháideacha

Chuir an Oifig seo tús le hionchúisimh san earnáil imscrúdaitheoirí/gníomhairí rianaithe príobháideacha den chéad uair in 2014. Tháinig na hionchúisimh seo chun solais ó imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar cuireadh tús leis i samhradh 2013. Ag eascairt ó iniúchtaí faoinar tugadh i líon comhair chreidmheasa ag an tráth sin, d'éirigh an Oifig buartha faoi na modhanna a bhí in úsáid ag roinnt imscrúdaitheoirí príobháideacha a bhí fruilithe ag comhair chreidmheasa chun seoltaí reatha comhaltaí a rianú ar theip orthu a n-iasachtaí a aisíoc. Sheol an Oifig imscrúdú mór chun na foinsí a shainaithint óna bhfuair na himscrúdaitheoirí príobháideacha na sonraí faoi na seoltaí reatha. Bhí baint san imscrúdú seo ag réimse fairsing comhlachtaí poiblí agus cuideachtaí príobháideacha. De thoradh ár dtorthaí, dheimhnigh an Oifig go bhfuarthas rochtain neamhdhleathach ar shonraí pearsanta ar bhunachair shonraí a bhí a gcoimeád ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána agus Bord Soláthair an Leictreachais agus gur nochtadh an fhaisnéis, ina dhiaidh sin do chomhair chreidmheasa. Seo a leanas sonraí faoi na hionchúisimh a rinneadh:

M.C.K. Rentals Limited agus a Stiúrthóirí

Cuireadh 23 cás de shárúithe ar Alt 22 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 i leith M.C.K. Rentals Limited (atá ag trádáil mar M.C.K. Investigations) as rochtain a fháil ar shonraí pearsanta gan údarás a fháil roimh ré ón rialaitheoir sonraí a choimeádann na sonraí, agus na sonraí a nochtadh do dhuine eile. Bhí na sonraí pearsanta á gcoimeád ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (7 gcás) agus ag Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (16 chás). I ngach cás, nochtadh na sonraí pearsanta do chomhair chreidmheasa éagsúla sa stát.

Cuireadh 23 cás de shárúithe ar Alt 29 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 i leith stiúrthóirí of M.C.K. Rentals Limited, an tUasal Margaret Stuart agus an tUasal Wendy Martin, as an mbaint a bhí acu sna cionta a rinne an chuideachta. Forálann an tAlt seo do stiúrthóirí cuideachta a ionchúiseamh sa chás go gcruthaítear go ndearna cuideachta cion le toiliú nó le cúlchheadú stiúrthóirí nó oifigigh eile na cuideachta, nó má chruthaítear go raibh faillí thar ceann na cuideachta nó oifigigh eile na cuideachta mar chúis leis.

Phléadáil M.C.K. Rentals Limited ciontach ag Cúirt Dúiche Bhré an 6 Deireadh Fómhair 2014 i dtaobh cúig chúiseamh shamplacha as cionta a dhéanamh faoi Alt 22 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Chúisigh an Chúirt an chuideachta maidir le gach ceann de na cúig chúiseamh agus ghearr siad fíneáil €1,500 orthu in aghaidh gach ciona. Phléadáil Rúnaí agus Stiúrthóir na Cuideachta, an tUasal Margaret Stuart, ciontach i dtaobh cúiseamh samplach amháin mar gheall ar chion a dhéanamh faoi Alt 29 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

Chiontaigh an Chúirt an tUasal Stewart i ndáil leis an gcion sin agus ghearr siad fíneáil €1,500 uirthi. Phléadáil Stiúrthóir na Cuideachta, an tUasal Wendy Martin, ciontach i leith cúiseamh samplach amháin as cin a dhéanamh faoi Alt 29 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Chiontaigh an Chúirt an tUasal Martin i ndáil leis an gcion sin agus ghearr siad fíneáil €1,500 uirthi.

Ba é seo an chéad uair inar ionchúisigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí stiúrthóirí cuideachta as an mbaint a bhí acu i gcionta um chosaint sonraí a dhéanamh ag a gcuideachta, agus tugann na himeachtaí sa chás seo rabhadh tréan do stiúrthóirí agus d'oifigigh eile chomhlachtaí corparáideacha gur féidir imeachtaí a chur ar bun ina leith agus gur féidir pionós a ghearradh orthu i gcúirt dlí as cionta coiriúla a dhéanann an comhlacht corparáideach.

Rinne an t-imscrúdú a rinneadh ar an gcuideachta a nochtadh gur úsáid na ciontóirí teicnící mórdhíola agus fairsinge ina n-éiríonn leo rud a fháil trí bhrú a chur ar dhaoine faisnéis a thabhairt nó trí fhaisnéis a ghoid, agus ba é seo an chéad ionchúiseamh a rinne an Coimisinéir Cosanta Sonraí i leith ciontóirí a bhí ag tabhairt faoi na cleachtais siúd. Nochtann torthaí an imscrúdaithe faoinar tugadh sa chás seo an bhagairt leanúnach a bhí ar shlándáil sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag rialaitheoirí móra sonraí agus an forairdeall is gá don fhoireann túslíne a thaispeáint ag gach tráth chun cosc a chur ar shonraí pearsanta a iarraidh, go háirithe trí theagmháil a dhéanamh ar an nguthán, ag gníomhairí neamhairdeallacha. Ba cheart do rialaitheoirí sonraí ar fud an stáit athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a nósanna imeachta um chosaint sonraí chun éifeachtacht a bprótacal slándála a uasmhéadú d'fhonn an ghníomhaíocht sin a chomhrac. Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil oiliúint iomlán curtha ar an bhfoireann go léir, go háirithe iad siúd ag an túslíne a láimhseálann glaonna gutháin, sna prótacail slándála d'fhonn go mbeidh siad in ann an bhagairt i leith faisnéis a fháil trí bhrú a chur ar dhaoine nó trí fhaisnéis a ghoid nó trí ghlaonna gutháin a chur ar dhaoine ina ndéantar iarracht cleas a imirt ar bhfreagróir chun faisnéis a thabhairt dóibh, a aithint agus déileáil leo.

Michael J. Gaynor

Cúisíodh Michael J. Gaynor (ag trádáil mar MJG Investigations) le 72 cás de shárúithe ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Bhain dhá chás déag le sárúithe ar Alt 22 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar gheall ar rochtain a fháil ar shonraí pearsanta gan údarás a fháil roimh ré ón rialaitheoir sonraí a choimeádann na sonraí, agus na sonraí a nochtadh do dhuine eile. Bhí na sonraí pearsanta á gcoimeád ag Bord Soláthair an Leictreachais (9 gcás) agus an Garda Síochána (3 chás). I ngach cás, nochtadh na sonraí pearsanta do chomhair chreidmheasa éagsúla sa stát. Bhain 60 cás sa bhreis le sárúithe ar Alt 16(2) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta de chuid roinnt daoine faoi chúinsí nár cuireadh aon taifead i gcuntas maidir leis an té a bhí cúisithe sa chlár poiblí a bhí á choimeád ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Iar-chomhalta é an tUasal Gaynor den Gharda Síochána.

Cúisíodh Michael J. Gaynor an 25 Samhain 2014, ag Cúirt Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath i leith dhá chúiseamh i dtaobh dhá chion faoi Alt 22 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Ghearr an Chúirt fíneáil €2,500 i ngach ceann den dá chúiseamh seo. Phléadáil an cosantóir ciontach, go leithleach, i leith 69 chúiseamh (ar bhain 60 díobh le sáruithe ar Alt 16(2)) agus cuireadh iad seo san áireamh sa phianbhreith a gearradh.

Ba é seo an chéad ionchúiseamh a chríochnaigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí a rinneadh ar phróiseálaí sonraí as sonraí pearsanta a phróiseáil gan bheith cláraithe mar phróiseálaí sonraí ar chlár poiblí Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Rinne an t-imscrúdú sa chás seo rochtain a nochtadh ag an gcosantóir ar shonraí custaiméara a bhí á gcoimeád ar bhunachair shonraí a bhí a gcoimeád ag Bord Soláthair an Leictreachais. Chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta, d'úsáid an cosantóir teagmhálaí foirne i mBord Soláthair an Leictreachais, a bhí bunaithe le linn a iar-ghairme sa Gharda Síochána.

Seolann na hionchúisimh seo teachtaireacht thréan chuig imscrúdaitheoirí príobháideacha agus do ghníomhairí rianaithe chun an reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh go hiomlán fad a thugtar faoina ngnó, agus má theipeann orthu amhlaidh a dhéanamh, rachfar sa tóir orthu agus ionchúiseofar iad as iompar ciontaithe. Anuas air sin, meabhraíonn siad gach cuideachta agus gnólacht a dhéanann imscrúdaitheoirí príobháideacha nó gníomhairí rianaithe a fhrúiliú go bhfuil freagrachtaí dochraideacha orthu faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chinntiú go ndéantar an obair rianaithe go léir nó aon obair eile a ndéanann imscrúdaitheoirí príobháideacha nó gníomhairí rianaithe thar a gceann go dleathach. Go sonrach, ina leith seo, ba cheart dóibh siúd atá ag oibriú sna hearnálacha comhar creidmheasa, baincéireachta, seirbhísí airgeadais, dlí agus árachais athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfostú imscrúdaitheoirí príobháideacha agus gníomhairí rianaithe lena chinntiú gur chosain siad go hiomlán sonraí pearsanta i leith foirmeacha neamhdhleathacha de phróiseáil sonraí.

Rinne na himscrúduithe seo saincheistanna tromchúiseacha a nochtadh maidir le himscrúdaitheoirí príobháideacha nó gníomhairí rianaithe a fhrúiliú ag comhair chreidmheasa, go háirithe maidir le heaspa feasachta a bhí acu féin ar conas a bhí comhaltaí á rianú ag na himscrúdaitheoirí príobháideacha agus, i roinnt cásanna, maidir le huimhreacha PSP a nochtadh ag comhair chreidmheasa d'imscrúdaitheoirí príobháideacha. Chuaigh an Oifig seo sa tóir ar na ceistanna seo go léir leis na comhair chreidmheasa a bhí i gceist agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha le cúpla mí anuas. Anuas air sin, thugamar faoi réimse d'obair athleantach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána agus Bord Soláthair an Leictreachais maidir le himpleachtaí na sárúithe ar shlándáil sonraí a tharla ina n-eagraíochtaí agus na bearta a theastaíonn a dhéanamh chun déileáil leis na sárúithe siúd agus le hatarlú a chosc. Fáiltíonn an Oifig seo roimh an gcaoi gur bheartaigh an tÚdarás Slándála Príobháidí chun rialáil imscrúdaitheoirí príobháideacha a thabhairt isteach.

Cás-Staidéar 2: Ionchúisimh: Cionta Margaíochta

Pure Telecom Limited

Fuaireamar gearán i Márta 2013 ó dhuine ar ar cuireadh dhá ghlaio gutháin mhargaíochta ó Pure Telecom Limited ar a ghuthán líne thalún. Bhí uimhir ghutháin an duine liostaithe ar chlár na ndaoine a roghnaigh gan bheith páirteach de chuid Bhunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta. Is cion é glao margaíochta a dhéanamh ar uimhir ghutháin atá liostaithe ar an gclár sin.

Chuir Pure Telecom Limited ár n-imscrúdaitheoirí ar an eolas gur úsáid siad seirbhísí ionadaí tríú páirtí chun na glaonna margaíochta a dhéanamh agus mhínigh siad go ndearna an gníomhaire uimhir an duine a fhoinsiú iad féin seachas na sonraí margaíochta a sholáthair Pure Telecom Limited a úsáid. D'admhaigh an chuideachta nach raibh toiliú faighte ag an ngníomhaire tríú páirtí chun teagmháil a dhéanamh leis an ngearánaí ar mhaithe le cuspoirí margaíochta.

Ag Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 3 Feabhra 2014, phléadail Pure Telecom Limited ciontach i leith dhá chúiseamh a bhain le sárúithe ar Rialachán 13 (5)(b) de I.R. 336 de 2011 a bhain le glaonna gutháin mhargaíochta a chur ar uimhir ghutháin a bhí liostaithe ar chlár na ndaoine a roghnaigh gan bheith páirteach. Ghearr an Chúirt ciontú maidir leis an dá chúiseamh mar aon le fineáil €500. Ina theannta sin, d'ordaigh siad costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí a íoc. Cuireadh an éisteacht ar an eolas gur ciontaíodh an cosantóir roimhe seo in 2010 i dtaobh a mhacasamhail de chion.

Next Retail Limited

I bhFeabhra 2013, fuair an Oifig seo gearán ó dhuine ar seoladh roinnt ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh chuici ó Next Retail Limited i ndiaidh gur iarr sí ar an gcuideachta gan aon ríomhphoist eile den sórt sin a sheoladh chuici. Mhaígh an gearánaí go ndearna sí neamhshuibscríobh ar dtús tríd an nasc a úsáid a soláthraíodh i ríomhphost margaíochta a sheol an chuideachta agus, ina dhiaidh seo, i gceithre ríomhphost ar leith a sheol sí chuig an gcuideachta inar iarr sí orthu gan teagmháil a dhéanamh léi arís le ríomhphoist mhargaíochta.

Chuir Next Retail Limited in iúl dár n-imscrúdaitheoirí nach n-úsáideann siad seirbhísí na cuideachta a thuilleadh a d'fhostaigh siad chun neamhshuibscríobh a phróiseáil agus nárbh fhéidir leo míniú a thabhairt ar cad a tharla don chéad iarratas ar neamhshuibscríobh. Maidir leis na ríomhphoist inar cuimsíodh iarratais ar neamhshuibscríobh, dheimhnigh an chuideachta gur bhain siad a mbosca isteach maidir le gearáin ach nárbh fhéidir leo a rianú cá ndeachaigh na ríomhphoist ina dhiaidh sin.

Ag Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 3 Feabhra 2014, phléadail Next Retail Limited ciontach i leith dhá chúiseamh a bhain le sárúithe ar Rialachán 13 (1)(b) de I.R. 336 de 2011 a bhain le ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a sheoladh gan toiliú. Ghearr an Chúirt ciontú maidir le cúiseamh amháin, agus cuireadh an dara chúiseamh san áireamh. Gearradh fineáil €100. Chomhaontaigh an cosantóir chun íoc as costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Rinne Next Retail Limited achomharc ar dhéine na pianbhreithe ina dhiaidh sin. An 19 Márta 2014, dhearbhaigh an Chúirt Chuarda an ciontú agus an pionós a ghearr an Chúirt Dúiche roimhe seo agus thug siad faoi deara rún an achomharcóra costais réasúnta an Choimisinéara Cosanta Sonraí as an achomharc a scaoileadh.

Airtricity Limited

I mBealtaine 2013, fuair an Oifig seo gearán a rinneadh i leith Airtricity Limited ó dhuine ar ar cuireadh glao gutháin mhargaíochta ar a ghuthán líne thalún, a bhí liostaithe ar chlár na ndaoine a roghnaigh gan bheith páirteach de chuid Bhunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta. Chuir an gearánaí ar an eolas sinn gurbh é cuspóir an ghlaio margaíochta é a spreagadh chun soláthraí fuinnimh a aistriú chuig Airtricity.

Mar fhreagairt ar ár n-imscrúdú, d'admhaigh Airtricity go ndearna conraitheoir tríú páirtí a bhí ag gníomhú thar a gceann an glao gutháin. Mhínigh siad go ndearnadh an earráid nuair a d'athchoimisiúnaigh an conraitheoir seanríomhaire pearsanta, ar a raibh leabhar gutháin 2009 suiteáilte. Bhí scarbhileog a chuimsigh uimhir gutháin an ghearánaí fós ar an seanríomhaire pearsanta agus mar gheall air seo, cuireadh glao ar an uimhir go hearráideach.

Ag Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 3 Feabhra 2014, phléadáil Airtricity Limited ciontach i leith cúiseamh amháin a bhain le sárú ar Rialachán 13 (5)(b) de I.R. 336 de 2011 a bhain le glao gutháin mhargaíochta a rinneadh ar uimhir gutháin a bhí liostaithe chlár na ndaoine a roghnaigh gan bheith páirteach. Ghearr an Chúirt ciontú maidir leis an gcúiseamh mar aon le fíneáil €75. Chomhaontaigh an cosantóir chun costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí a íoc.

The Carphone Warehouse Limited

I Márta 2013, fuair eamar gearán ó chustaiméir de chuid The Carphone Warehouse Limited i ndiaidh go bhfuair sé teachtaireachtaí téacs margaíochta ón gcuideachta in ainneoin gur chuir sé tic sa bhosca a thug le fios gur roghnaigh sé gan bheith páirteach nuair a rinne sé ceannach i gceann dá siopaí roimhe sin. Chuir an cuideachta ár n-imscrúdaitheoirí ar an eolas gur cuireadh an custaiméir san áireamh ina liosta margaíochta go hearráideach mar gheall ar earráid chórais.

In Aibreán 2013, fuair eamar gearán ó chustaiméir eile de chuid The Carphone Warehouse Limited ar seoladh tairiscintí rialta chuige trí theachtairacht téacs ón gcuideachta cé gur chuir sé glao ar an gcuideachta ar a laghad trí huair ag iarraidh orthu stop a chur leis na teachtaireachtaí. Dúirt an cuideachta lenár n-imscrúdaitheoirí nár aithin a gcóras rogha an chustaiméara ar bhonn sealadach gan margaíocht a fháil mar gheall ar shaincheist inmheánach laistigh den phróiseas scagaire leictreonaigh agus gur roghnaíodh uimhir gutháin an chustaiméara trí thimpiste le haghaidh feachtais mhargaíochta dá bharr.

Ag Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 3 Márta 2014, d'iontráil The Carphone Warehouse Limited pléadail chiontach i leith cúig chúiseamh a bhain le sáruihte ar Rialachán 13 (1) agus 13(4) de I.R. 336 de 2011. Ghearr an Chúirt ciontuith maidir le ceithre chúiseamh, agus cuireadh an cúigiú cúiseamh san áireamh. Gearradh fíneálacha €1,500 maidir le gach ciontú. Chomhaontaigh an cosantóir chun íoc as costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireadh an éisteacht ar an eolas gur ciontaíodh an cosantóir roimhe seo faoi dhó in 2012 i dtaobh a ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a sheoladh.

Valterous Limited (ag trádáil mar Therapie Clinic agus/nó Therapie)

Rinne iar-chustaiméir de chuid Valterous Limited (ag trádáil mar Therapie Clinic agus/nó Therapie) gearán leis an Oifig i Meitheamh 2013 i ndiaidh teachtaireacht mhargaíochta gan iarraidh a fháil in ainneoin gur roghnaigh sé an chumarsáid sin a bheith déanta leis de bhreis ar thrí mhí roimhe sin. Mhínigh Therapie dár n-imscrúdaitheoirí go raibh sonraí teagmhála an ghearánaí ar chórais in dhá bhrainte agus nuair a rinneadh an t-iaratas gan bheith páirteach, gur bhain an chuideachta a sonraí ó bhunachar sonraí amháin agus níorbh eol dóibh go raibh siad ar bhunachar sonraí eile, agus is mar gheall air sin gur seoladh teachtaireacht téacs bhreise chuig an uimhir theagmhála chéanna.

In Iúil 2013, fuair gearán ó chustaiméir eile de chuid Therapie ar seoladh teachtaireachtaí téacs margaíochta chuici roinnt uaireanta. Chuir an gearánaí in iúl dúinn gur sheol sí teachtaireacht téacs inar roghnaigh sí gan bheith páirteach ach lean an chuideachta le breis teachtaireachtaí téacs margaíochta a sheoladh chuici. Níor tháinig ár n-imscrúdú ar aon fhianaise go bhfuair Therapie toiliú ag aon tráth chun teachtaireachtaí téacs margaíochta a sheoladh chuig an duine seo. Maidir le teachtaireachtaí téacs a sheoladh i ndiaidh gur roghnaigh an t-iar-chustaiméir gan bheith páirteach, mhínigh Therapie gur cheart gur sheol an duine an focal “STOP”, seachas an focal “OPTOUT” i dteachtaireacht téacs ag an tráth a bhí iarracht á déanamh aici gan bheith san áireamh sa bhunachar sonraí margaíochta. Níor ghlacamar leis seo mar leithscéal bailí mar gheall gurbh ionann an treoir maidir le roghnú gan bheith páirteach a bhí sa teachtaireacht téacs margaíochta a seoladh chuig an duine agus “OptOut:086.....”.

Ag Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 3 Márta 2014, phléadail Valterous Limited (ag trádáil mar Therapie Clinic agus/nó Therapie) (ciontach i dtaca le dhá chúiseamh a bhaineann le sáruihte ar Rialachán 13(1) de I.R. 336 de 2011 a bhain le teachtaireachtaí téacs gan iarraidh a sheoladh gan toiliú. Ghearr an Chúirt ciontuith maidir le dhá chúiseamh, agus cuireadh an tríú cúiseamh san áireamh. Gearradh fíneálacha €1,500 maidir le gach ciontú. Chomhaontaigh an cosantóir chun íoc as costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Dúradh leis an gCúirt gur ciontaíodh Therapie Laser Clinics Limited (ag trádáil mar Therapie Clinic agus/nó Therapie) in 2012 i leith dhá chion maidir le teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh a sheoladh.

Cás-Staidéar 3: Bailiú Iomarcach Sonraí ag An Post

Fuair an Oifig seo dhá ghearán ó mhuintir an phobail maidir le riachtanais nua a tugadh isteach i Samhain 2013 ag An Post maidir le hiarratais dochair dhíriú ar tháillí ceadúnas teilifíse a íoc. Tugadh riachtanas éigeantach isteach chun ráiteas bainc a seoladh le déanaí a sholáthar leis an iarratas agus an fhoirm shainordaithe dochair dhíriú. Mhínigh láithreán gréasáin cheadúnas teilifíse An Post gur theastaigh cóip de ráiteas bainc chun sonraí an chuntais bhainc a fhíorú a sholáthair an ceadúnaí chun a dtáille cheadúnas teilifíse a íoc. Lean siad ar aghaidh lena lua nach mór don ráiteas bainc an cód aitheantais bainc (BIC), an uimhir idirnáisiúnta chuntas bainc (IBAN) agus ainm iomlán agus seoladh bhanc shealbhóir an chuntais a thaispeáint. Bhí sé ina argóint ag na gearánaithe go raibh cóip den fhaisnéis rúnda airgeadais a iarraidh a shonraítear ar ráitis bhainc iomarcach.

Rinneamar na gearáin seo a imscrúdú le An Post. I dtaobh cúlra de, mhínigh An Post go ngearrann rialacháin nua SEPA dualgais shuntasacha nua ar thionscnóirí dochair dhíriú, ar nós An Post i dtaobh na Scéime Dochair Dhíriú Ceadúnas Teilifíse. Deirtear go bhfuil An Post, agus iad siúd amháin, freagrach as an riosca tráchtála a bhaineann le glacadh le dochair dhíreacha agus gur gá do An Post na sonraí dochair dhíriú a fhíorú a sholáthraíonn an custaiméir. Luaitear nach bhfuil cruthúnas ag An Post gurb ann do na sonraí faoin gcuntas bainc, go bhfuil siad cruinn nó gur leis an duine a luaitear ar an sainordú an cuntas. Dá réir, d'fhorbair siad próiseas nua fíoraithe sonraí bainc chun sonraí an tsainordaithe a sholáthraítear a sheiceáil, agus sa phróiseas nua sin, lorgaíonn siad breis cáipéisíochta lena fhíorú go bhfuil na sonraí faoin gcuntas bainc a sholáthraíonn na t-iarratasóir cruinn, iomlána agus cothrom le dáta. Thug siad chun suntais, chomh maith, nach féidir leo iarratas ar dhochar díreach a phróiseáil gan na huimhreacha BIC agus IBAN a bheith acu maidir leis an gcuntas ar a dtarraingítear an dochar díreach. Thug An Post le fios, de bhreis ar ár gcomhfhreagras, go ndearna siad an cinneadh nach gceanglaítear a thuilleadh ar chustaiméirí a roghnaíonn íocaíocht dochair dhíriú chun sonraí faoina n-iarmhéideanna bainc a sheoladh ar aghaidh.

Rinneamar breis breithniú ar an gceist agus mholamar do An Post gur cheart go ligfí d'iarratasóirí cóip a sheoladh ar aghaidh den chuid sin den ráiteas bainc amháin ina gcuimsítear ainm, seoladh, na huimhreacha BIC agus IBAN nó gur cheart go gceadóidís dóibh an fhaisnéis go léir faoi na hidirbheartaíochtaí a bheith scríosta amach le dath dubh ar aon chóipeanna a sholáthraítear. Chomhaontaigh An Post chun ár gcomhairle a chur i bhfeidhm. Leasaigh siad a bhfoirm iarratais ar dhochar díreach ceadúnas teilifíse chun an téacs a leanas a chuimsiú: “Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil na hidirbhearta airgeadais ar do ráiteas bainc masctha nó bainte go hiomlán sula gceanglaíonn tú é le d'iarratas. Milltear gach ráiteas bainc a luaithe a éiríonn leis an gcéad íocaíocht.” Leasaigh An Post a láithreán gréasáin chun an t-athrú seo a léiriú agus lena shoiléiriú nach gceanglaíonn siad go dtaispeántar an t-iarmhéid ar an ráiteas bainc. Bhíomar sásta leis na hathruithe a chuir An Post i bhfeidhm agus leis an mbealach a dhéileáil siad leis an gceist go mear a luaithe a thugamar chun a n-airde í.

Ba cheart d'eagraíochtaí a lorgaíonn cóipeanna de ráitis bhainc ar chuspóirí ar nós cruthúnas a thabhairt i dtaobh seoladh reatha, mar fhíoraitheoir aitheantais nó a mhacasamhail de shaincheisteanna a thabhairt chun cuimhne go gcuimsítear sna cáipéisí siúd réimse d'fhaisnéis airgeadais atá príobháideach i dtaobh an duine lena mbaineann sí. Mar riail ghinearálta, ní mór a cheadú do dhaoine aonair na sonraí agus na hidirbheartaíochtaí airgeadais siúd a scríosadh amach le dath dubh nó a mhascadh ar bhealach eile mar gheall nach mbaineann siad le cuspóirí fíoraithe seolta, etc. Ba cheart go meabhródh an cás-staidéar seo d'eagraíochtaí breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí uile agus go bhféadfaí méid iomarcach de shonraí pearsanta a bhailiú faoi chúinsí ina lorgaíonn siad cóipeanna de ráitis bhainc ó chustaiméirí nó cliaint.

Cás-Staidéar 4: Sonraí Tuarastal Fostaí arna Nochtadh ag FSS

Rinne fostaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) gearán i Márta 2014 maidir le nochtadh líomhnaithe shonraí a thuarastail dá iar-bhean chéile dhá uair. Chuir sé ar an eolas sinn ina ghearán gur tugadh an cheist chun airde dó nuair a chuaigh a iar-bhean chuig an gcúirt i samhradh 2013 maidir le saincheisteanna cothabhála, agus sa chúirt, sholáthair sí sonraí cruinne óna dhuillíní pá. I Nollaig na bliana céanna, d'fhill a iar-bhean chéile ar an gcúirt go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcothabháil agus, an uair sin, sholáthair sí cóip dá P60 mar aon le sonraí a thuarastail le ceithre mhí anuas.

Chuireamar tús le himscrúdú na ceiste trí scríobh chuig FSS. Mar fhreagairt air sin, ghlac FSS leis gur nochtadh sonraí pearsanta a bhain lena bhfostaí do thríú páirtí gan a thoiliú a fháil dhá uair ar leith, i mBealtaine 2013 agus i Samhain 2013. Aithnítear nach raibh aon bhonn dlíthiúil ann leis an nochtadh sonraí pearsanta. Luaigh siad gur dheimhnigh siad cé, laistigh de FSS, a rinne an chéad nochtadh ach níorbh fhéidir a dheimhniú cé a rinne an dara nochtadh. Mhínigh siad go bhfuair a rannóg párolla roinnt orduithe cúirte a d'ordaigh FSS chun íocaíochtaí cothabhála a dhéanamh le hiar-bhean chéile an fhostaí. Luaigh siad gur thug gnóthas cuntasóirí agus gairmithe cánach, ar a dtugtar Accountax, roinnt ceisteanna chun solais thar ceann iar-bhean chéile a bhfostaí. Lorg na ceisteanna siúd soiléiriú maidir leis na híocaíochtaí a rinneadh. Lean siad ar aghaidh lena lua, maidir leis an gcéad sárú, go ndearnadh iarratas sonrach maidir le cóip den duillín pá ba dhéanaí dá bhfostaí a lorg a thaispeáin na hasbhaintí cothabhála a rinneadh ó Eanáir 2013 go dtí seo. D'admhaigh FSS gur eascair nochtadh neamhúdraithe shonraí pearsanta a bhfostaí, go héifeachtach, as na hiarratais ar nuashonruithe leanúnacha maidir le híocaíochtaí cothabhála. Ghlac FSS leis, ar bhreathnú siar dóibh, gurbh achoimre ar na híocaíochtaí a rinneadh a bhain leis na horduithe cúirte an t-aon rud ó thaobh sonraí ar cheart dá rannóg párolla a scaoileadh le hiar-bhean chéile a bhfostaí (nó le duine a ghníomhaíonn thar a ceann).

Chuireamar FSS ar an eolas gur mheasamar gur sáraíodh na hAchtanna um Chosaint Sonraí nuair a nochtadh sonraí pearsanta a bhfostaí le tríú páirtí gan toiliú a fháil uaidh. Thug FSS le fios gur mhian leo tabhairt faoi réiteach cairdiúil a bhaint amach ar an ngearán agus, chuige sin, chuir siad litir

leithscéil faoi iamh don ghearánaí. Rinne an t-ábhar sonraí breithniú ar an litir leithscéil agus rinne sé an cinneadh nár mhian leis glacadh léi, agus roghnaigh sé, ina ionad sin, chun cinneadh foirmiúil a fháil ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar a ghearán.

Eisíodh cinneadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí i Lúnasa 2014. Ina chinneadh, bhí an Coimisinéir faoin tuairim gur sháraigh FSS Alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 dhá uair trí phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta an ghearánaí ar bhealach nach raibh comhoiriúnach don chuspóir lena bhfuarthas iad. Tharla na sáruihte seo i mBealtaine 2013 agus i Samhain 2013 nuair a nocht FSS a fhaisnéis pearsanta do thríú páirtí. Forálann Alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 nár cheart próiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach do na cuspóirí lena bhfuarthas iad. Sa chás ar leith seo, d'aithin FSS, dhá uair ar leith, gur nochtadh na sonraí pearsanta do thríú páirtí gan toiliú an ábhair sonraí a fháil agus gan é a bheith curtha ar an eolas air. Is ionann an nochtadh sin agus próiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta.

Cás-Staidéar 5: Bailiú Iomarcach Sonraí ag Gníomhaireacht Ligin

In Iúil 2014, rinne tionónta ionchasach gearán faoi shonraí bainc, uimhreacha PSP agus cóipeanna de bhíllí fónais a bhailiú ag gníomhaireacht ligin nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar réadmhaoin a ligean. Luaigh an gearánaí go raibh an fhaisnéis seo sa bhreis ar an ngnáthábhar, ar nós teistiméireacht ón iar-thiarna talún, a mbeifí ag súil leis go seolfaí ar aghaidh í ag céim an iarratais. Luaigh sí gur chreid sí, murar sholáthair sí na sonraí go léir i dtosach báire, nach ndéanfadh an ghníomhaireacht ligin breithniú dáiríre ar a hiarratas. Dúirt an gearánaí go gcuireann an cleachtas ina mbailítear réimse chomh fairsing sin de shonraí pearsanta iallach ar thionóntaí ionchasacha a bhfuil géarghá acu chun réadmhaoin a ghlacadh ar cíos chun an fhaisnéis phearsanta seo a sheoladh ar aghaidh ag céim an iarratais cé nach fios dóibh fiú an éireoidh lena n-iarratas. Thug sí chun suntais nach n-éiríonn le tromlach na n-iarratas, agus aird ar an ardéileamh atá ar sholáthar teoranta de réadmhaoin chíosa atá ar fáil i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Chuireamar tús le himscrúdú ar an gceist leis an ngníomhaireacht ligin a bhí i gceist, agus lorgaíomar míniú maidir le réimse chomh fairsing sin de shonraí pearsanta a bhailiú ag céim an iarratais. Mar fhreagairt, dúirt an ghníomhaireacht ligin gur iarr siad ar uimhreacha PSP ó iarratasóirí mar gheall go ndeimhníonn seo go bhfuil siad i dteideal oibriú sa stát, agus go dteastaíonn na sonraí bainc lena thaispeáint go bhfuil cuntas bainc ag tionónta mar gheall go mbeifí neamh-incháilithe mura mbeifí in ann an cíos a íoc trí chuntas bainc. Dúramar leis an ngníomhaireacht ligin nach bhféadfaimis aon bhonn a thabhairt faoi deara chun sonraí bainc, uimhreacha PSP nó cóipeanna de bhíllí fónais a bhailiú ar chéim an iarratais nó an chéim ina n-amharctar ar réadmhaoin agus spreagamar iad chun deireadh a chur leis an gcleachtas láithreach bonn. Cheistíomar an ghníomhaireacht ligin níos mó faoin uimhir PSP a úsáid le stádas oibre an iarratasóra a dheimhniú. Ba í an fhreagairt a thug siad ná gurb í an phríomhchúis go n-iarrann siad ar

uimhreacha PSP ná go dteastaíonn siad le haghaidh fhoirm chlárúcháin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCC) agus dúirt siad nach féidir leo tionónta a chlárú gan an uimhir. Lean siad ar aghaidh lena rá nach ann ach dearbhú breise é go bhfuil an t-iarratasóir ag oibriú agus luaigh siad nach ndeimhníonn siad an uimhir PSP.

Ghlacamar leis go bhféadfaí iarraidh ar shonraí pearsanta maidir le sonraí bainc, uimhreacha PSP agus billí fónais a luaithe a ghlacfaí leis an iarratasóir mar thionónta. I nDeireadh Fómhair 2014, dheimhnigh an ghníomhaireacht ligín, i ndiaidh dúinn ár n-imscrúdú a dhéanamh, gur chuir siad stop leis na sonraí pearsanta seo a iarraidh sula ligfí an réadmhaoin agus gheall siad nach n-iarrfaidís an fhaisnéis seo ach go dtí gur glacadh leis an tionónta. Chuir an gearánaí ar an eolas sinn go raibh sí an-sásta le toradh a gearáin.

Sár-shampla é an cás-staidéar seo den chathú a bhíonn ar roinnt rialaitheoirí sonraí chun réimse iomlán de shonraí pearsanta a bhailiú sa chás go dteastódh sé uathu amach anseo. Sa chás seo, bhailigh an ghníomhaireacht ligín méid suntasach de shonraí pearsanta ó gach iarratasóir a léirigh spéis i réadmhaoin a ghlacadh ar cíos cé nach bhféadfaí glacadh ach le hiarratasóir amháin, fiú, ag deireadh an phróisis, mar an tionónta nua agus níor theastaigh an réimse iomlán sonraí pearsanta ach i dtaobh an iarratasóra rathúil sin amháin. Leagann Alt 2(1)(c)(iii) dualgas ar rialaitheoirí sonraí a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta a phróiseálann siad leordhóthanach, ábhartha agus nach bhfuil siad iomarcach maidir leis an gcuspóir nó na cuspóirí dá mbailíodh iad nó dá ndéantar breis próiseála orthu. Ní mór do rialaitheoirí sonraí aird a thabhairt ar an gceanglas seo agus cloí leis, cé go mbíonn cathú orthu, ar mhaithe le háisiúlacht nó le cúiseanna eile, chun tabhairt faoi chleachtas fairsing ina mbailítear sonraí neamhriachtanacha.

Cás-Staidéar 6: Faisnéis Airgeadais arna Nochtadh ag Comhar Creidmheasa

Rinne comhalta de chomhar creidmheasa gearán in 2013 maidir le nochtadh líomhnaithe a rinne comhar creidmheasa dá fhaisnéis iasachta agus choigiltí lena iníon. I dtaobh cúlra de, mhínigh an gearánaí gur ráthóir é ar iasacht chomhar creidmheasa lena iníon. Fuair sé litir ón gcomhar creidmheasa chun é a chur ar an eolas ar an eolas ar na deacrachtaí a raibh a iníon thíos leo lena hiasacht. Ba é cuspóir na litreach ná iarraidh air, ráthóir na hiasachta, iarmhéid na n-aisíocaíochtaí míosúla a íoc. Thug sé cuntas air gur seoladh an litir chuige agus gur cuimsíodh inti a uimhir bhallaíochta mar aon lena shonraí choigiltí agus iasachta, lena n-áirítear an t-iarmhéid a bhí gan íoc. Go gairid ina dhiaidh sin, thug a iníon cuairt ar a theach le cóip den litir chéanna mar gheall gur sheol an comhar creidmheasa í chuici chomh maith. Dúirt an gearánaí gur shíl sé gurbh ionann nochtadh a fhaisnéise airgeadais agus ollsárú ar a phríobháideachas.

D'fhiosraíomar an cheist leis an gcomhar creidmheasa a bhí i gceist. Mhínigh siad gur tharla an earráid as ar eascair an nochtadh nuair a eisíodh an litir chuig an ráthóir faoi uimhir bhallaíochta an ráthóra seachas faoi uimhir bhallaíochta a iníne, a rinne tagairt dá hiasacht. Mhínigh sí go n-aistríonn an

córas ríomhaire go huathoibríoch sonraí uimhir na ballraíochta a iontráladh. D'admhaigh an comhar creidmheasa gur chlóschríobh comhalta dá bhfoireann rialaithe creidmheasa an litir faoi uimhir bhallraíochta an ráthóra agus, mar thoradh air sin, clódh sonraí a chuntais ar an litir.

Bheartaigh an comhar creidmheasa, mar bhealach chun iarracht a dhéanamh chun réiteach cairdiúil a bhaint amach ar an ngearán, go n-eiseoidís litir leithscéil don ráthóir. Anuas air sin, thug siad faoi oiliúint foirne maidir le litreacha a eisiúint do chomhaltaí, go háirithe litreacha do ráthóirí, agus rinne siad a mbeartas um chosaint sonraí a athscaipeadh ar an bhfoireann go léir. Rinne an gearánaí machnamh ar an tairiscint agus dhiúltaigh sé í. Lorg sé cinneadh foirmiúil ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar a ghearán.

Eisíodh cinneadh don ghearánaí in Aibreán 2014. Ina chinneadh, chruthaigh an Coimisinéir an tuairim, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, gur sháraigh an comhar creidmheasa Alt 2(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí trí shonraí faoi chuntas ballraíochta an ghearánaí a thabhairt do thríú páirtí trí litir a cóipeáladh agus a seoladh chuig an tríú páirtí. Leagann Alt 2(1)(d) ar rialaitheoirí sonraí, i measc rudaí eile, chun na bearta cuí slándála a ghlacadh i leith nochtadh neamhúdraithe sonraí pearsanta.

Leagann an cás seo béim ar na hiarmhairtí tromchúiseacha a bhí i ndán don ghearánaí ag eascairt ó earráid, ar dealraitheach gurbh earráid shaonta í a rinne an comhalta foirne a chlóschríobh litir don ghearánaí ar a chuntas féin seachas ar chuntas a iníne, lenar bhain ábhar na litreach. Is ionann agus meabhrúchán é do rialaitheoirí sonraí, go ginearálta, chun feasacht ar chosaint sonraí a choimeád chun tosaigh, agus oiliúint rialta foirne orthu siúd lena mbaineann aon fhoirm de phróiseáil sonraí lena n-obair.

Cás-Staidéar 7: Níor Seasadh le Gearán faoi Nochtadh ag Permanent TSB

Líomhnaigh gearán ó chustaiméir de chuid Permanent TSB gur sháraigh an banc na hAchtanna um Chosaint Sonraí trína gcuntais agus sonraí pearsanta a phlé le tríú páirtí, tionónta an ghearánaí, agus go raibh an gearánaí thíos le caillteanas airgeadais, mar aon le strus dá bharr.

D'fhiosraíomar an líomhain le Permanent TSB. Mar fhreagairt, chuir an banc ar an eolas sinn nach ndearna siad aon teagmháil le cónaitheoirí sa réadmhaoin a bhí i gceist chun plé a dhéanamh ar shonraí faoi chuntas morgáiste an ghearánaí a bhí i gceist. Luaigh siad, anuas air sin, gur éisteadh le gach ceann de na glaonna a fuarthas ón tionónta agus nár phléigh aon comhalta foirne ag aon tráth sonraí an chuntais mhorgáiste léi. Mar chuid dár n-imscrúdú, lorgaíomar cóip de na taifeadtaí de ghlaonna gutháin a tharla idir Permanent TSB agus an tionónta. D'éisteamar leis na taifeadtaí den ghlaog agus bhíomar sásta nach tugadh aon sonraí pearsanta a bhain leis an ngearánaí don tionónta i rith na n-glaonna gutháin le Permanent TSB. Ina ionad sin, dúradh leis an tionónta roinnt uaireanta nach bhféadfadh le Permanent TSB aon rud a phléigh léi gan údarás scríofa shealbhóir an chuntais. I gcás amháin, thairg an tionónta a huimhir theagmhála a thabhairt

do Permanent TSB, ach cuireadh in iúl di nár theastaigh sí mar gheall nach mbeadh teagmháil á déanamh ag Permanent TSB léi. Níor tháinig imscrúdú na hOifige seo ar aon fhianaise gur nocht Permanent TSB aon sonraí pearsanta a bhain leis an ngearánaí leis an tríú páirtí a bhí i gceist.

I ngné ar leith den ghearán céanna, líomhnaigh an gearánaí gur sheol Permanent TSB comhfhreagras chuig iar-sheoladh cónaithe i ndiaidh gur tugadh fógra dóibh faoi athrú seolta. Sholáthair an gearánaí cóip dúinn de litir a seoladh chucu i Lúnasa 2011 a chuir an banc ar an eolas ar an seoladh nua le haghaidh comhfhreagrais agus soláthraíodh dúinn cóipeanna de litreacha a sheol Permanent TSB chuig an iar-sheoladh i ndiaidh an dáta sin. Mar fhreagairt ar ár n-imscrúdú ar an gceist seo, dheimhnigh Permanent TSB go bhfuair siad an litir a seoladh i Lúnasa 2011, a chuir ar an eolas iad ar an seoladh nua, ach nach bhféadfaidís aon mhíniú a thabhairt maidir le cén fáth nach ndearnadh na sonraí seo a nuashonrú chun seo a léiriú. Chuir siad ar an eolas sinn nach ndearnadh an córas a nuashonrú go dtí go bhfuair siad litir bhreise in Eanáir 2012. Chun cabhrú leis an iarracht a dhéanamh chun an gearán a réiteach, chuir an banc comhartha dea-thola ar tairiscint mar aitheantas ar an moill a bhí air seo agus ar aon strus a d'fhéadfadh an mhoill a chruthú, ach dhiúltaigh an gearánaí é seo.

Lorg an gearánaí cinneadh foirmiúil ar an ngearán. Maidir leis an teip ar an seoladh teagmhála a nuashonrú, tar éis gur iarradh orthu amhlaidh a dhéanamh i Lúnasa 2011, bhí an Coimisinéir faoin tuairim gur sháraigh Permanent TSB Alt 2(1)(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Leagann an tAlt seo an dualgas ar rialaitheoirí sonraí chun an ceanglas a chomhlíonadh chun sonraí pearsanta a choimeád cruinn agus cothrom le dáta.

Maidir leis an líomhain gur nochtadh sonraí pearsanta an ghearánaí le tionónta, níorbh fhéidir leis an gCoimisinéir an tuairim a chruthú gur tharla sárú ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí sa chás seo.

Cás-Staidéar 8: Dhiúltaigh SouthDoc Ceart Rochtana a thabhairt d'Othar

Fuaireamar gearán i Meitheamh 2014 ó ghnóthas aturnaetha a ndearna a gcliant iarratas ar rochtain i mBealtaine 2014 leis an mBainisteoir Cleachtais ag South West Doctors-On-Call Limited (ag trádáil mar SouthDoc) a lorg cóip dá nótaí leighis. Mar fhreagairt ar an iarratas ar rochtain, thug SouthDoc freagra do na haturnaetha, inar luadh go moltar dóibh teagmháil a dhéanamh le LG an othair féin, a bhfuil taifead iomlán á choimeád aige don othar. Scríobh na haturnaetha ar ais chuig SouthDoc, agus thug siad chun suntais go ndearnadh an t-iarratas ar rochtain le SouthDoc agus gurbh iarratas ar leith é le haon iarratas a d'fhéadfadh a gcliant a dhéanamh lena LG féin. Thug na haturnaetha chun suntais go raibh dualgas ar SouthDoc an t-iarratas a chomhlíonadh. Nuair a bhí an gearán á sheoladh chuig an Oifig seo, chuir na haturnaetha ar an eolas sinn nár thug SouthDoc freagra ar an litir ba dhéanaí a sheol siad ach gur sheol siad an litir ar ais chucu gan fhreagra.

Thosaíomar imscrúdú trí scríobh chuig SouthDoc. D'fhreagair siad le casadh an phoist, agus thug siad le fios go rabhthas tar éis déileáil leis an iarratas ar thaifid leighis. Go gairid ina dhiaidh sin, sholáthair na haturnaetha don ghearánaí cóip de litir a fuair siad ó SouthDoc ina luaitear, de bhreis ar an iarratas ar rochtain, gur seoladh taifid an othair chuig a LG féin. Thug na haturnaetha chun suntais nár chomhlíon SouthDoc an t-iarratas ar rochtain mar gheall gurbh é a gcliant a d'iarr ar na taifid, agus nár leor do SouthDoc iad a thabhairt dá LG. Scríobhamar chuig SouthDoc arís eile, agus lorgaíomar míniú. Cúpla lá ina dhiaidh sin, fuaireamar cóip de litir ó SouthDoc a d'eisigh siad d'aturnaetha an othair, ina raibh cóip de thaifid leighis an othair faoi iamh. Chuireamar ár n-imscrúdú i gcrích ag an tráth sin.

Tá líon soláthraithe seirbhíse iar-ama nó ar dualgas ann, ar nós SouthDoc, á oibriú in Éirinn, agus soláthraíonn gach ceann díobh seirbhís ríthábhachtach leighis don phobal i gcoitinne. Agus amhlaidh á dhéanamh acu, bailíonn agus próiseálann na soláthraithe seirbhíse seo sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire (sonraí a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach an othair a fhreastalaíonn orthu). Ar mhaithe le cuspóirí um chosaint sonraí, is tábhachtach go dtuigeann othair agus soláthraithe seirbhíse, nuair a fhreastalaíonn othar ar cheann de na seirbhísí siúd, go soláthraíonn siad a sonraí pearsanta d'eagraíocht (rialaitheoir sonraí) atá go hiomlán ar leithleach ó ghnáthchleachtas a LG. Dá réir sin, taifid nua iad na taifid a chruthaigh an soláthraí seirbhíse maidir le freastal agus cóireáil an othair agus tá an soláthraí seirbhíse ina rialaitheoir sonraí ina dtaobh. Ar an gcúis sin, tá ceart rochtana ag an othar ar na taifid siúd díreach ón soláthraí seirbhíse trí iarratas ar rochtain a dhéanamh ar chóip díobh. Is ann don cheart rochtana seo ar thaifid an tsoláthraí seirbhíse cibé acu má sheolann nó mura seolann an soláthraí seirbhíse sonraí faoi fhreastal agus chóireáil an othair ar aghaidh chuig othar an LG. Anuas air sin, tá dualgas ar an soláthraí seirbhíse cóip de na sonraí pearsanta a sholáthar don othar iarrthach (nó chuig an aturnaí a ghníomhaíonn thar a cheann, faoi mar atá i gceist sa chás thuas) seachas chuig LG féin an othair. (Tá rochtain ar thaifid leighis faoi réir fhorálacha I.R. Uimh. 82 de 1989, a chuireann cosc ar shonraí a sholáthar d'othar mar fhreagairt ar iarratas ar rochtain dá mbeadh sin ina chúis le díobháil a dhéanamh dá shláinte fhisiciúil nó mheabhrach.)

Cás-Staidéar 9: Bailiú Iomarcach Sonraí ag an Roinn Talmhaíochta

Rinne duine gearán leis an Oifig seo faoi riachtanais nua a thug an Roinn Talmhaíochta isteach chun sonraí cuntas bainc a sholáthar maidir le háitreabh a chlárú chun an tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966-2001 a chomhlíonadh. Mhínigh sé go gceanglaítear ar úinéirí capall an t-áitreabh a chlárú ina gcoimeádtar capaill le Clár na nÁitreabh Capall agus dúirt sé nach raibh aon deacracht aige leis an gceanglas sin. Ar a shon sin, chuir sé i gcoinne gur iarradh ar a shonraí cuntas bainc a sholáthar agus thug sé chun suntais nach bhféadfadh sé go raibh an fhaisnéis seo ag teastáil ón Roinn mar gheall nach raibh aon scéimeanna nó deontais ann a thugann an teidlíocht d'úinéirí capall íocaíocht a fháil. D'inis sé dúinn gur leis féin agus lena bhean chéile capall agus go gcoimeádtar an dá chapall díreach ar mhaithe le cuspóirí pléisiúir. Dúirt sé gur chuir sé an Roinn ar an eolas go

díreach faoina chuid buarthaí i dtosach báire ach lean an Roinn a chur faoi deara go soláthraíonn sé a shonraí bainc.

Lorgaíomar míniú ón Roinn Talmhaíochta. Ina bhfreagairt, thagair an Roinn de thiomantas an rialtais i dtreo ríomhthráchtála agus an chaoi nach féidir le ranna rialtais orduithe iníoctha a eisiúint a thuilleadh. Dúirt siad nach féidir íocaíochtaí atá dlite ag an Roinn ach a dhéanamh trí ríomhaistriú airgid chuig cuntas bainc. Dá réir sin, iarrtar ar gach cliant de chuid na Roinne a bhfuil íocaíochtaí á bhfáil acu sonraí bainc a sholáthar mar réamhriachtanas lena n-iontráil ar Chóras Custaiméirí Corparáideacha na Roinne. Dúirt siad, mar gheall go bhfuil íocaíochtaí a bhfáil ag tromlach chliant na Roinne nó go bhféadfadh go mbeadh íocaíochtaí a bhfáil acu, go ndearnadh an cinneadh go n-iarrfaí ar gach cliant (iarratasóir) nua, iad siúd san áireamh a tharlaíonn nach gcáilíonn d'íocaíochtaí faoi láthair mar gheall ar eisceachtaí, chun a sonraí cuntas bainc a sholáthar.

Chuireamar forálacha Alt 2(1)(c)(iii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí in iúl don Roinn, a leagann ceanglas ar rialaitheoirí sonraí a chinntiú go mbeidh sonraí pearsanta leordhóthanach, ábhartha agus nach mbíonn siad iomarcach maidir leis an gcuspóir dá mbailíodh iad. Thugamar chun suntais gur cheangail an prionsabal a bhunaíonn an fhoráil seo gur cheart sonraí pearsanta a bhailiú nuair a theastaíonn sé seachas ar an mbunús go bhféadfadh go dteastóidh siad ag tráth éigin amach anseo. Fuaireamar deimhniú ón Roinn i bhFeabhra 2014 gur cuireadh deireadh leis an gcleachtas ina lorgaítear sonraí bainc agus coinne a bheith leis go bhféadfadh go ndéanfaí íocaíochtaí amach anseo. Cuireadh ar an eolas sinn gur eisíodh fógra faisnéise don fhoireann, inar luadh nach dteastaíonn sonraí cuntas bainc chustaiméirí ach nuair a bheidh íocaíochtaí á bhfáil ón Roinn ag custaiméir.

Thug an gearánaí sa chás seo gearán an-bhailí chun solais leis an Oifig seo, tar éis gur theip air an cheist a réiteach go díreach leis an Roinn é féin. Is dealraitheach nach ndearnadh dóthain machnaimh, i dtosach báire, ar an gcoincheap ina n-iarrtar ar shonraí bainc ó gach custaiméir nó gach custaiméir féideartha den Roinn – má theastaigh nó murar theastaigh an fhaisnéis sin. Ábhar díomá níos mó é, áfach, nach ndearna an Roinn athbhreithniú ar an gcás agus nár cheartaigh siad é i ndiaidh gur chuir an duine aonair seo an Roinn ar aird maidir lena chúinsí agus cúinsí daoine eile a choimeádann capaill ar mhaithe le cuspóir pléisiúir – agus é a thabhairt chun suntais nach mbeadh gá ag an Roinn a shonraí bainc a úsáid riamh mar gheall nach iarratasóir é ar scéim ná deontas. Ar deireadh thiar, theastaigh idirghabháil na hOifige seo chun cur ina luí ar an Roinn deireadh a chur le sonraí iomarcacha pearsanta a iarraidh agus chun an prionsabal a chomhlíonadh go mbeidh bailiú sonraí leordhóthanach, ábhartha agus nach mbeidh sé iomarcach.

Cás-Staidéar 10: Sonraí Pearsanta arna Nochtadh ag Comhairle Contae

In Aibreán 2014, fuaireamar gearán ó dhuine aonair a líomhnaigh go ndearna Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a seoladh ríomhphoist

príobháideach do thríú páirtithe gan cead a bheith faighte acu uaithe. Rinne an gearánaí aighneacht leis an gcomhairle contae maidir le plean ceantair áitiúil. Dheimhnigh sí gur tharla an nochtadh nuair a rinne duine de na páirtithe ar nochtadh a seoladh ríomhphoist dóibh teagmháil léi gan iarraidh agus leas á bhaint as a seoladh ríomhphoist. Thug sí le fios go raibh sí buartha mar gheall nárbh fhios di cé mhéid daoine a raibh a seoladh ríomhphoist príobháideach aici mar thoradh ar an nochtadh.

Chuireamar tús le himscrúdú trí scríobh chuig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Mar fhreagairt, mhínigh an chomhairle contae, i dtaobh cúlra de, go soláthraíonn siad fógraí, cláir agus miontuairiscí a gcuid cruinnithe d'ionadaithe parlaiminteacha i gcomhréir le Rialacháin 2003 an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (Alt 237A).

Lean siad ar aghaidh leis an méid a leanas a lua: “Bhí sé mar chleachtas ag an Údarás seo go dtí seo chun cóipeanna a sholáthar de gach tuarascáil a eisítear leis na cláir seo, mar gheall gurb ionann seo agus conas a eisítear an clár dár gcomhairleoirí. I gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 [arna leasú], Alt 20(3)(c)(ii), ní mór go liostaítear i dTuarascáil Bhainisteora do Phlean Ceantair Áitiúil na daoine a rinne aighneachtaí nó breathnuithe. I ngach cás, ullmhaítear liosta d'aighnitheoirí, d'úsáid inmheánach mar aon le comhad, ina n-áirítear na sonraí riachtanacha teagmhála, seoladh baile agus seoladh ríomhphoist. Is é ár gcleachtas caighdeánach, áfach, chun na seoltaí ríomhphoist a bhaint sula scaiptear iar ar chomhairleoirí. Fágtar na seoltaí baile ann, mar gheall gur mian le comhairleoirí cén daoine ina dtoghcheantar a rinne aighneacht. Sa chás seo, chuireamar na seoltaí ríomhphoist agus baile san áireamh gan chuimhneach le liosta na n-aighnitheoirí. Earráid a bhí ann a rinneamar, agus ní hionann é agus an gnáthchleachtas. Is éard a cuireadh ar ár láithreán gréasáin, áfach, ná an liosta gan na sonraí teagmhála. D'fhonn atarlú a chosc, mheabhraíomar dár bhfoireann go léir gan sonraí teagmhála aighnitheoirí a chuimsiú i dtuarascálacha a scaiptear ar chomhairleoirí nó a chuirtear ar an láithreán gréasáin. Anuas air sin, cé go luaitear thuas gur gnách gur cuimsíodh sa liosta a soláthraíodh do na comhairleoirí seoladh an aighnitheora, ar mhaithe le faisnéis a sholáthar don chomhairleoir, ní chuirfidh seoladh baile ná seoladh ríomhphoist san áireamh in aon tuarascálacha a eisítear do chomhairleoirí. Anuas ar an méid thuas, agus chun cosc breise a chur ar an scaoileadh faisnéise pearsanta gan chuimhneamh seo, cuirfidh an Chomhairle deireadh leis an gcleachtas ina n-eisítear tuarascálacha leis an gclár a sholáthraítear d'ionadaithe parlaiminteacha.”

Luaigh an chomhairle contae gur eisigh siad tuarascáil leasaithe, inar baineadh na sonraí teagmhála pearsanta go léir, do gach duine de na faighteoirí agus d'iarr siad orthu an bunleagan a scríosadh. Bhí sé mar fhocal scoir ag an gcomhairle contae a lua, sa chás seo, gur nochtadh an fhaisnéis trí thimpiste agus dúirt siad go dtabharfaidís faoina chinntiú nach dtarlóidh an teagmhas seo arís trí chloí lena nós imeachta caighdeánach agus trí na nósanna imeachta siúd a mheabhru don fhoireann go léir.

Lorg an gearánaí cinneadh foirmiúil ar a gearán.

Forálann Alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí nár cheart próiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach don chuspóir lena bhfuarthas iad. Mhínigh an rialaitheoir sonraí sa chás seo, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, dár n-imscrúdú, i gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, ní mór go liostaítear i dTuarascáil Bhainisteoir Contae do Phlean Ceantair Áitiúil na daoine a rinne aighneachtaí nó breathnuithe. Luaigh an rialaitheoir sonraí, anuas air sin, go n-ullmhaítear liosta aighnitheoirí i ngach cás, ina n-áirítear sonraí teagmhála, seoltaí baile agus seoltaí ríomhphoist, agus gurb é a gcleachtas caighdeánach na seoltaí ríomhphoist a bhaint ón liosta seo sula scaiptear é ar chomhairleoirí. Ba léir, áfach, sa chás ar leith seo, nár baineadh seoltaí ríomhphoist na n-aighnitheoirí ón liosta scaipthe. Agus a chinneadh á dhéanamh, bhí an Coimisinéir den tuairim gur sháraigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tharla an sárú seo trí phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta an ghearánaí ar bhealach nach raibh comhoiriúnach don chuspóir lena bhfuarthas iad nuair a nocht Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a seoladh ríomhphoist trí thuarascáil a scaipeadh ar chomhairleoirí contae, TDanna agus seanadóirí maidir le plan ceantair áitiúil.

Cás-Staidéar 11: Teipeann ar Eircom an tAmfhráma Reachtúil a bhaint amach chun iarratas ar Rochtain a Phróiseáil

Chuir comhalta foirne ó Eircom gearán faoi bhráid na hOifige seo maidir le teip líomhnaithe ag Eircom chun iarratas ar rochtain a chomhlíonadh a sheol sé ar aghaidh chuig an gcuideachta i Meán Fómhair 2013. Ina iarratas ar rochtain, d'iarr sé go sonrath ar chóip de litir ar leith a seoladh dáta áirithe i bhFeabhra 2013 chuig Príomhoifigeach Leighis Eircom.

Chuireamar tús le himscrúdú an ghearáin agus d'iarramar ar Eircom freagra a thabhairt ar an iarratas ar rochtain gan a thuilleadh moille. Chuir Eircom ar an eolas sinn gur sholáthair siad cóip den litir cheana féin don ábhar sonraí a bhí mar ábhar a iarratais ar rochtain, agus sholáthair siad cóip dá bhfreagra dúinn ar iarratas ar rochtain ina dhiaidh sin. Tar éis breis scrúdú a dhéanamh ar fhreagra Eircom ar an iarratas ar rochtain sin, áfach, níor shoiléir dúinn gur bhain an freagra leis an iarratas ar leith ar rochtain sin a bhí mar ábhar an ghearáin reatha mar gheall gur eisíodh an freagra don ábhar sonraí roimh an dáta a rinneadh a iarratas ar rochtain. D'iarramar ar Eircom an cheist a athbhreithniú. Ar deireadh thiar, an 2 Bealtaine 2014, fuaireamar ríomhphost ó Eircom inar cuireadh cóip faoi iamh den fhreagra a tugadh ar an dáta sin ar iarratas ar rochtain an ábhair sonraí an 22 Meán Fómhair 2013, a sholáthair cóip den cháipéis ar lorg an t-ábhar sonraí rochtain uirthi.

D'iarr an gearánaí ar chinneadh foirmiúil ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar a ghearán. Agus a chinneadh á dhéanamh, bhí an Coimisinéir faoin tuairim gur sháraigh Eircom Limited Alt 4(1)(a) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar gheall gur theip orthu cóip a sholáthar don ábhar sonraí dá shonraí pearsanta mar fhreagra ar a iarratas ar rochtain a sheol sé an 22 Meán Fómhair 2013

laistigh den tréimhse reachtúil 40 lá. Tharla an sárú seo nuair a scaoil Eircom Limited cóip de shonraí pearsanta an ábhair shonraí leis an 2 Bealtaine 2014 – a bhí lasmuigh den tréimhse reachtúil 40 lá.

Faoi mar a dtugtar cuntas air in áiteanna eile sa tuarascáil bhliantúil seo, rinne ábhair shonraí breis agus leath de na gearáin a fuair an Oifig seo in 2014 a bhí thíos le deacrachtaí chun a sonraí pearsanta a rochtain. Téama coiteann amháin a thagann chun solais in go leor de na gearáin seo ná go bpróiseálann an rialaitheoir sonraí an t-iarratas ar rochtain ró-dhéanach. Leagtar síos sna hAchtanna tréimhse 40 lá chun iarratas ar rochtain a chomhlíonadh agus mura mbaintear seo amach, faoi mar a dtugtar cuntas thuas air, tá an rialaitheoir sonraí tar éis na hAchtanna um Chosaint Sonraí a shárú. Tá Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí an-bhuartha faoi chomh minic a dhéantar an sárú ar leith seo. I roinnt cásanna, teipeann ar an rialaitheoir sonraí aitheantas a thabhairt, fiú, go bhfuarthas an t-iarratas ar rochtain laistigh den tréimhse 40 lá. Ciallaíonn seo nach fios in aon chor don té a d'iarraidh an bhfuiltear ag déileáil lena n-iarratas ar rochtain nó an bhfuil neamhaird á thabhairt air. Bhí go leor cásanna ann inar ghlac an rialaitheoir sonraí gníomh ar bith i dtaobh an t-iarratas ar rochtain a phróiseáil go dtí go gcuireann an Oifig seo tús le himscrúdú de bhun gearán a fháil ón ábhar sonraí. Is soiléir nach cás inmhianaithe é seo. Tá ceart reachtúil ag ábhair shonraí chun a sonraí pearsanta a rochtain atá á gcoimeád ag rialaitheoir sonraí trí mhodh simplí – iarratas ar rochtain a sheoladh, agus tá dualgas reachtúil ar an rialaitheoir sonraí an t-iarratas sin a chomhlíonadh laistigh de 40 lá. Níor cheart go mbeadh ar ábhar sonraí an chéim bhreise a ghlacadh agus gearán a chur faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí go gcuirfeadh a gceart reachtúil rochtana i bhfeidhm. Ar an drochuair, faoi mar a nochtann na staitisticí faoi ghearáin, tá i bhfad an iomad ábhair shonraí thíos le bacainní agus le teaicticí séanta rochtana i measc rialaitheoirí sonraí.

Sa chás thuas, cuireadh ollmhoill ar cheart rochtana an ábhair shonraí. Ní féidir aon údar a thabhairt atá le moill chomh fada sin faoi aon chúinsí. Ní féidir glacadh leis an moill sin, go háirithe sa chás nár iarr an té a d'iarr ach ar chóip de na sonraí pearsanta a cuimsíodh i litir amháin nár cruthaíodh chomh fada sin siar agus sa chás gur cuideachta mhór theileachumarsáide an rialaitheoir sonraí atá an-fheasach ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus a fhaigheann agus a phróiseálann iarratais ar rochtain ó ábhair shonraí ar bhonn rialta. Bíonn Eircom ina n-ábhar roinnt gearán um chosaint sonraí gach bliain i measc réimse saincheisteanna, a mbaineann go leor díobh le hiarratais ar rochtain. Tá súil le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí feabhas suntasach a thabhairt faoi deara ar fheidhmíocht um chosaint sonraí na cuideachta sin go gairid amach anseo, go háirithe i gcomhthéacs iarratais ar rochtain a fhaightear ó ábhair shonraí a phróiseáil ar bhealach tráthúil.

Cás-Staidéar 12: Tháinig Sonraí faoi Mhac Léinn Tríú Leibhéal Aníos ar Láithreán Gréasáin Tríú Páirtí

Fuair an Oifig fógra ó rialaitheoir sonraí, i gcomhréir leis an gCód Cleachtas um Shárú ar Shláindáil Sonraí Pearsanta. Chuir an fógra an Oifig ar an eolas ar an gcaoi gur thángthas ar shonraí a bhain le líon mór mic léinn ar láithreán

gréasáin nár bhain leis an rialaitheoir sonraí. Bhain na sonraí le bliain acadúil 2010.

Chuir an Oifig tús le himscrúdú na ceiste. Thug an rialaitheoir sonraí le fios go raibh ainm, seoladh ríomhphoist agus pasfhocal an mhic léinn i measc na faisnéise a nochtadh ar an láithreán gréasáin. Dheimhnigh an fhoireann imscrúdaithe nach raibh aon sonraí airgeadais nó íogaire i gceist.

D'fhostaigh an rialaitheoir sonraí cuideachta slándála chun tabhairt faoina n-imscrúdú féin ar an sárú slándála.

Le himeacht ama, ní raibh aon logálaithe freastalaí ar taispeáint nuair a bhí na sonraí á n-uaslódáil chuig an láithreán gréasáin ná ag an té a rinne an uaslódáil seo. Bhí an rialaitheoir sonraí in ann a shainaithint gurbh ionann na sonraí a foilsíodh agus comhad a cruthaíodh ar mhaithe le cuspóirí tástála i lár 2011. Seoladh an comhad seo, ina dhiaidh sin, chuig soláthraí seirbhíse tríú páirtí a bhí fostaithe i gcóras bainistíochta a fhorbairt don rialaitheoir sonraí. Seoladh an comhad trí nach raibh ríomhphost slán.

Chuir an soláthraí seirbhíse tríú páirt an rialaitheoir sonraí ar an eolas, cé go raibh gaol idir a gcomhaltaí foirne agus an láithreán gréasáin ar ar foilsíodh na sonraí, thug siad faoi athbhreithniú an-chríochnúil ar an tsaincheist agus níorbh fhéidir leo teacht ar aon fhianaise lena thaispeáint gur cuireadh an comhad in airde ar an láithreán gréasáin mar gheall ar neamhghníomh ar a dtaobh féin.

Thaispeáin an measúnú a rinneamar ar an bhfaisnéis gur úsáid an rialaitheoir sonraí, nuair a bhí cuntais mhac léinn á gcruthú, pasfhocail chineálacha nuair a bhí na cuntais mhac léinn á gcruthú. Ba é an pasfhocal dáta breithe an mhic léinn. Cé go bhféadfadh mic léinn na pasfhocail a athrú, níor moladh dóibh riamh iad a athrú.

Cé nach bhféadfadh a dheimhniú go díreach conas a tháinig na sonraí aníos ar an láithreán gréasáin, ba léir gur sáraíodh na hAchtanna um Chosaint Sonraí, sa mhéid nach raibh na bearta cuí slándála i bhfeidhm chun cosc a chur ar nochtadh neamhúdairithe sonraí pearsanta.

Dheimhnigh ár n-imscrúdú, chomh maith, nach raibh úsáid sonraí beo ar mhaithe le cuspóirí tástála i gcomhréir le dea-chleachtais um chosaint sonraí. Sa chás go bhfuil sonraí beo á n-úsáid ag eagraíocht ar mhaithe le cuspóirí tástála, bheadh údar tréan ann leis an úsáid sin agus ní rabhamar ar an eolas go raibh aon údar infheidhme sa chás ar leith seo. Mhol an Oifig go gcuirfeadh an rialaitheoir sonraí deireadh le sonraí beo a úsáid ar mhaithe le tástáil agus na sonraí nach luaitear aon ainm leo a dhéanamh de na sonraí nó sonraí samhailteacha a dhéanamh díobh ar mhaithe le cuspóirí tástála.

Anuas air sin, níl tarchur na sonraí mac léinn siúd trí bhealach neamhshlán ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Deimhníodh, fad a bhí an córas bainistíochta á fhorbairt, gur malartaíodh sonraí pearsanta, pasfhocail san áireamh, idir an rialaitheoir sonraí agus an soláthraí seirbhíse, agus

bealach neamhshlán á úsáid. Chuir an rialaitheoir sonraí m'Oifig ar an eolas ar an gcaoi go dtarchuireann siad na sonraí siúd trí mheicníocht shlán. Mhol an Oifig seo go gcuirfí an mheicníocht seo ar aird na gcomhaltaí foirne uile.

Saincheist eile ar thángthas uirthi i rith ár n-imscrúdaithe a bhí ina hábhar mór buartha ná úsáid a bhaint as pasfhocal cineálach. Mar gheall gur sannadh dáta breithe an mhic léinn mar a bpassfhocal, d'fhéadfadh aon duine a raibh rochtain acu ar dháta breithe mac léinn eile rochtain a fháil ar chuntas úsáideora an mhic léinn sin. Mhol an Oifig go ndéanfadh an rialaitheoir sonraí cumarsáid leis na mic léinn, agus a mholadh dóibh go n-athraíonn siad a bpassfhocal agus go mbeidh 12 charachtar, ar a laghad, sa phassfhocal nua agus go n-áireofaí leis carachtair chás uachtair agus íochtair, uimhreacha agus carachtair speisialta, ar nós siombaile nó comhartha poncaíochta.

Cás-Staidéar 13: Nochtann Rialaitheoir Sonraí Pearsanta le Comhpháirtí Gnó

Fuair an Oifig seo fógra ó rialaitheoir sonraí a thug le fios gur eisíodh ríomhphost do chomhpháirtí gnó lenar áiríodh sonraí pearsanta nár cheart a bheith nochtta.

Chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don Oifig gur iontráil siad i gcomhaontú gnó le cuideachta tríú páirtí chun sonraí nach luann tréithe pearsanta a sholáthar go dtabharfaí faoi mheasúnú indéantachta ar fhiontar beartaithe gnó. Eisíodh ríomhphost don chuideachta tríú páirtí, lenar áiríodh ainmneacha na ndaoine, sa mhullach ar na sonraí a luaitear gan tréithe pearsanta. Thug seo an deis don chuideachta tríú páirt chun na daoine a bhí i gceist a shainaithint.

Luaigh an rialaitheoir sonraí, agus an Oifig seo á cur ar an eolas, gur sholáthair an chuideachta tríú páirtí dearbhuithe gur scriosadh na sonraí.

Chuir an Oifig tús le himscrúdú ar shárú ar shlándáil sonraí faoi Alt 10 de na Achtanna um Chosaint Sonraí.

Agus aird ar chineál na sonraí a bhí i gceist agus ar fhaisnéis bhreise a fuarthas ó thríú páirt, rinne an Oifig seo an cinneadh chun cuairt a thabhairt ar áitreabh an chomhpháirtí gnó tríú páirtí lena shásamh dúinn féin gur scriosadh na sonraí agus nach ndearnadh breis próiseála orthu.

Thug foireann imscrúdaithe, cuairt gan fhógra ar áitreabh an chomhpháirtí gnó agus leas á bhaint as ár gcumhachtaí faoi Alt 24 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Fuair an fhoireann cáipéisí maidir leis an gcomhaontú gnó; thaispeáin iad seo nár lorgaíodh ach sonraí nár luaigh aon tréithe pearsanta. Fuair an fhoireann tuarascálacha, chomh maith, a cruthaíodh de bhun na sonraí pearsanta a fháil. ba léir ó na tuarascálacha seo, cé go raibh sonraí pearsanta ar fáil don tríú páirtí, níor úsáideadh iad fad a bhí na tuarascálacha á n-ullmhú agus ní raibh aon tionchar acu ar na tuarascálacha.

Rinne an fhoireann scrúdú, ansin, ar chórais ríomhaire na cuideachta agus tháinig siad ar roinnt cásanna den ríomhphost a fuair siad inar cuimsíodh na sonraí pearsanta.

Bhraith an Coimisinéir gur chuí Fógra Forfheidhmiúcháin a eisiúint don chuideachta tríú páirtí, a cheangail orthu cuideachta sheachtrach slándála TF a fhostú chun aon chóip agus gach cóip de na sonraí pearsanta a scríosadh a fuair siad. Bhí tuarascáil le soláthar ag an gcuideachta slándála TF do m'Oifig le tuarascáil ar chríochnú na hoibre. Fuarthas an tuarascáil seo, mar ba cheart, agus bhí an Oifig sásta gur scríosadh gach cóip de na sonraí pearsanta go slán.

Dheimhnigh an t-imscrúdú gur nochtadh sonraí pearsanta gan toiliú ná bonn dlíthiúil. Thug an t-imscrúdú chun suntais, chomh maith, gur úsáid comhaltaí foirne cuntais ríomhphoist neamhghnó de chuid an rialaitheora sonraí fad a bhíodhas ag tabhairt faoi cheisteanna gnó. Moladh don rialaitheoir sonraí cosc a chur ar chuntais ríomhphoist neamhghnó mar gheall nach bhféadfadh an rialaitheoir sonraí aon sonraí a rialú a tharchuirfí trí na cuntais neamhghnó seo.

Cás-Staidéar 14: Téann Fostaí de chuid Institiúid Airgeadais ar Scor agus Tógann siad Sonraí Pearsanta Custaiméara leo

Fuair an Oifig fógra ó rialaitheoir sonraí, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Shárú ar Shlándáil Sonraí Pearsanta. Luadh san fhógra gur thairg fostaí a n-éirí as agus chonacthas don rialaitheoir sonraí, ina dhiaidh sin, gur sheol an fostaí scarbhileog ar ríomhphost chuig a gcuntas ríomhphoist pearsanta sular éirigh siad as a bpost. Cuimsíodh sa scarbhileog sonraí faoi chustaiméirí, lena n-áirítear a sonraí fostaíochta, tuarastail, sonraí teagmhála agus comhairleach leighis.

Sholáthair an rialaitheoir sonraí ainm agus seoladh baile an fhostaí.

Rinne brateagraíocht an rialaitheora sonraí teagmháil leis an Oifig, chomh maith, chun cabhair a lorg faoinar cheart dóibh a chur in iúl dá gcomhalta.

Dheimhnigh an Oifig, tríd an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, go raibh gnó á oibriú ó sheoladh baile an fhostaí. Rinneamar teagmháil leis an bhfostaí, ar an mbonn go raibh siad ag oibriú anois mar rialaitheoir sonraí ina gceart féin. Lorgaíomar soiléiriú ón bhfostaí maidir leis an toiliú a bhí faighte acu chun aon sonraí pearsanta a phróiseáil a fuair siad óna n-iar-fhostaíocht.

Chuir an fostaí in iúl don Oifig, mar chuid dá bhfostaíocht, gur iarradh orthu a ríomhaire glúine féin agus a nguthán pearsanta a úsáid i ngach déileáil gnó. Thug an fostaí le fios, ina theannta sin, nár chuir siad tús go fóill le stocaireacht a dhéanamh le haghaidh cliant. Dheimhnigh an fostaí, chomh maith, gur scríos siad na sonraí pearsanta go léir a bhí á gcoimeád acu maidir lena n-iar-fhostaíocht.

Rinneamar teagmháil leis an rialaitheoir sonraí, chomh maith, a rinne an fógra maidir leis na nósanna imeachta slándála a bhí i bhfeidhm chun sonraí custaiméara a bhí á gcoimeád acu a chosaint. Thug an Oifig faoi deara gur cuimsíodh sa chonradh fostaíochta na clásail chuí um chosaint sonraí. B'ábhar buartha, áfach, é go raibh a dtrealamh féin á n-úsáid ag fostaithe ar mhaithe le cuspóirí gnó. Faoi na cúinsí sin, is beag smacht, má bhíonn smacht ar bith, ag an rialaitheoir sonraí ar na sonraí a choimeádtar ar threalamh pearsanta.

Thug an rialaitheoir sonraí breis nósanna imeachta agus beartas isteach de bhun na saincheiste chun cosc a chur ar atarlú an saghais seo de theagmhas, lena n-áirítear bogearraí a thabhairt isteach chun cosaint phasfhocail a chur ar aon taifid sonraí a sheoltar ar ríomhphost. Ar a bharr sin uile, ní mór d'fhostaithe gealltanais a shíniú nuair a chuireann siad deireadh le fostaíocht, gur tugadh ar ais na sonraí go léir agus nach ndéanfar breis próiseála orthu.

Cás-Staidéar 15: Goideadh Ríomhaire Glúine Neamhchriptithe

Fuair an Oifig fógra um shárú ar shlándáil sonraí i rith na bliana ó ghairmí leighis a bhain le ríomhaire glúine a goideadh.

Cuireadh in iúl san fhógra go raibh cosaint phasfhocail ar an ríomhaire ach nach raibh sé criptithe. Tugadh le fios san fhógra, chomh maith, gur bhain na sonraí a bhí á stóráil ar an ríomhaire glúine le staidéar leighis faoinar tugadh in 2009 agus áiríodh leis comhaid fuaime d'agallaimh faoinar tugadh le hábhair an staidéir inar cuimsíodh faisnéis theoranta. Deimhníodh gur cuimsíodh i gcomhad ina liostaítear ábhair an staidéir uimhir aitheantais seachas ainm an duine aonair. Ar a shon sin, bhí comhad breise á stóráil ar an ríomhaire glúine a chuir an uimhir aitheantas i gcoibhneas le hainm an ábhair. Anuas air sin, bhí cosaint phasfhocail ar an gcomhad seo.

Tugadh faoi deara, sular cuireadh tús leis an staidéar, go bhfuarthas faomhadh ón gCoiste Eitice ábhartha a chuimsigh stóráil sonraí.

Chuir an Oifig seo ár dtreoir in iúl don rialaitheoir sonraí maidir le fógra maidir leis na daoine a ndearnadh difear dóibh. Sa chás ar leith seo, chuir an rialaitheoir sonraí in iúl don Oifig go raibh siad faoin tuairim gur mhó an suaitheadh ná an chabhair a chruthódh an fógra do na daoine a ndearnadh difear dóibh. Léirigh an gairmí leighis ábhartha a raibh maoirsiú á dhéanamh aige ar an tionscadal an tuairim seo. Ní mór don Oifig seo tuairim ghairmí leighis a thabhairt faoi deara, a bhfuil caidreamh gairmiúil aige leis na daoine a ndearnadh difear dóibh. Glacaimid leis go ndearnadh an cinneadh seo agus tionchar féideartha nochta neamhúdraithe na sonraí seo á chur san áireamh i gcoinne an tsuaite a bhféadfadh an duine a bheith thíos leis trí é/í a chur ar an eolas ar an sárú slándála.

Thug an Oifig seo faoi deara, áfach, go bhfuil ríomhairí glúine á gcriptiú anois. Leagann an chás seo an bhéim ar an gcaoi gur gá monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar bhreithniúcháin um chosaint sonraí. D'fhéadfadh nach bhfuil

caighdeán a bhí inghlactha cúig bliana ó shin inghlactha anois, agus ní mór socruithe slándála a athbhreithniú go tréimhsiúil.

Cás-Staidéar 16: Cuireadh Líonra Adobe i gContúirt

Chuir Adobe Systems Software Ireland Ltd an Oifig seo ar an eolas i nDeireadh Fómhair 2013, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Shárú ar Shlándáil Sonraí Pearsanta, ar shárú ar shlándáil sonraí maidir le rochtain neamhúdairithe ar a gcórais. Cuireadh sonraí pearsanta i gcontúirt agus ghlac eilimintí cóid fhoinsigh bhogearraí Adobe chomh maith.

Rinneadh difear do bheirt rialaitheoirí: Adobe US agus Adobe Systems Software Ireland Ltd (Adobe Irl). Thugamar faoi imscrúdú comhordaithe le hOifig Choimisinéir Príobháideachais Cheanada agus thug Oifig Choimisinéir Faisnéise na hAstráile faoinár n-imscrúdú in éineacht linn.

Cineál na Sonraí a Cuireadh i gContúirt

Chruthaigh Adobe Irl trí aicmiú de dhaoine a ndearnadh difear dóibh:

- Úsáideoirí cárta íocaíochta, i.e. iad siúd a bhfuarthas rochtain ar a n-uimhreacha criptithe cárta íocaíochta i rith an tsáraithe. Sonraí criptithe cárta íocaíochta a bhí sna sonraí a bhí i gceist – thart ar 3.65 milliún cárta íocaíochta (bhí 1 milliún á rialú ag Adobe Irl) a bhain le thart ar 3.1 milliún duine.
- Úsáideoirí gníomhacha, i.e. iad siúd a logáil isteach i gcórais Adobe ar a laghad uair amháin sa dá bhliain sular thángthas ar an sárú. I measc na sonraí a bhí i gceist, bhí: seoladh ríomhphoist agus pasfhocal reatha criptithe – 41 milliún (tagann laghdú anuas go dtí 33 milliún air seo, mar gheall nárbh fhéidir 8 milliún fógra ríomhphoist a sheachadadh) (bhí 20.5 milliún á rialú ag Adobe Irl).
- Úsáideoirí neamhghníomhacha, i.e. iad siúd nár logáil isteach in Adobe sa dá bhliain sular thángthas ar an sárú. I measc na sonraí a bhí i gceist, bhí: seoladh ríomhphoist agus pasfhocal reatha criptithe – 71 milliún (tagann laghdú anuas go dtí 46.5 milliún air seo, mar gheall nárbh fhéidir 25 milliún fógra ríomhphoist a sheachadadh) (bhí 28.5 milliún á rialú ag Adobe Irl).

Conas a Tharla an Sárú

B'ionradh casta agus marthanach a bhí san ionsaí ar chórais ríomhaire Adobe. Shainaithin agus bhain na hionsaitheoirí sonraí ó fhreastalaí cúltaca a stóráil na sonraí ríomhairithe ar a ndéantar cur síos thuas. Luann Adobe nach bhfuil aon fhianaise acu lena thaispeáint gur glacadh sonraí criptithe cárta. Thacaigh sainchomhairleoirí fóirínseacha a d'fhostaigh Adobe leis an gconclúid seo.

Nuair a cuireadh Adobe ar an eolas ar an sárú slándála, chuir siad tús le himscrúdú ar chúis na saincheiste agus chuir siad tús le sraith beart, lena n-áirítear an méid a leanas:

- Dínascadh an bunachar sonraí ar ar imríodh tionchar ón líonra
- Cuireadh seoltaí IP óna bhfuair an t-ionsaitheoir rochtain ar a gcórais ar liosta dubh
- Athshocraíodh pasfhocail do gach úsáideoir a bhféadfadh go ndearnadh difear dó/di (úsáideoirí gníomhacha/neamhghníomhacha san áireamh)
- Athraíodh na pasfhocail do na cuntais ábhartha riarthóra
- Cuireadh na bainc ar an eolas a raibh gearáin chustaiméara á bpróiseáil acu le haghaidh Adobe, ionas go bhféadfaidís oibriú chun cuntais chustaiméirí a chosaint
- Cuireadh na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an eolas ar an sárú
- Fostaíodh cuideachta tríú páirtí chun tabhairt faoi imscrúdú ar chúis an tsáraithe slándála ar a gcórais agus lena shainnithint cén sonraí a d'fhéadfadh bheith curtha i gcontúirt
- Chuathas i mbun beart chun na rioscaí a laghdú a bhain le roinnt eilimintí cóid fhoinsigh a ghoid
- Eisíodh fógraí do dhaoine a ndearnadh difear dóibh, ag tosú an 3 Deireadh Fómhair 2013, a chur custaiméirí ar an eolas ar an sárú slándála

Pasfhocail

I mBaol: chuir an t-ionsaitheoir roinnt sonraí in airde a éis-scagadh ar láithreán gréasáin agus áiríodh leo na seoltaí ríomhphoist agus pasfhocal criptithe roinnt úsáideoirí de chuid Adobe. Thaispeáin roinnt ailt taighde go ndearnadh roinnt pasfhocal a chraiceáil trí thagairt a dhéanamh do leideanna pasfhocail agus pasfhocail leantacha (i.e. an pasfhocal céanna a bheith in úsáid ag breis agus úsáideoir amháin). Leag alt amháin an bhéim ar eagraíocht a sheiceáil na hainmneacha úsáideora a cuireadh i gcontúirt agus na pasfhocail a craiceáladh i gcoinne a n-ardáin féin agus deimhníodh go n-éireadh le cuid de na critéir seo ar a n-ardán féin. Rinne an eagraíocht teagmháil le cuid dá n-úsáideoirí, agus cuireadh ar an eolas iad faoin tsaincheist, agus dheimhnigh siad an cás don oifig seo chomh maith. Is éard atá i gceist leis an tsaincheist seo, ná cé gur chuir Adobe athrú pasfhocail i bhfeidhm ar a láithreán féin agus gur moladh dá n-úsáideoirí a bpassfhocail a athrú in áiteanna eile, is léir nár ghlac gach úsáideoir leis an gcomhairle sin.

Leideanna: Ba iad leideanna pasfhocail de chuid céatadán beag de na húsáideoirí a bhí i gcodanna de na sonraí a d'éis-scag an t-ionsaitheoir. Bhí na leideanna seo stóráiltear i dtéacs soiléir agus bhain siad leis an ainm úsáideora (seoladh ríomhphoist). Is féidir roinnt pasfhocail shimplí a shainnithint má bhíonn an fhaisnéis seo agat agus má dhéantar anailís ar na pasfhocail chriptithe. Faoi mar a tugadh faoi deara roimhe seo, áfach, d'athshocraigh Adobe na pasfhocail do gach úsáideoir ar imríodh tionchar air/uirthi.

Stóráil: Cheistigh an Oifig cén fáth ar stóráil pasfhocail in aon chóras amháin ar bhealach criptithe seachas iad a bheith haiseáilte agus saillte. Is féidir pasfhocail a dhíchriptiú, a chuirfeadh ar chumas an rialaitheora sonraí pasfhocail úsáideoirí a fheiceáil, nó na n-ionsaitheoirí, dá mbainfidís rochtain amach. Luaigh Adobe go raibh haiseáil agus sailleadh á dhéanamh acu ar

phasfhocail laistigh de chóras nua ar feadh roinnt blianta sular thángthas ar an sárú slándála, ach gur chinn siad chun an bunachar sonraí a choimeád sa seanchóras mar bheart cúltaca i gcás go mbeadh saincheisteanna i gceist leis an gcóras nua. Criptíodh pasfhocail i mbunachar sonraí an tseanchórais.

Sonraí Cárta a Choimeád le Taifid Chustaiméara

I dtaobh custaiméirí a d'úsáid cártaí chun táirgí nó seirbhísí Adobe a cheannach, stóráladh a sonraí cárta (criptithe) le cuntas an chustaiméara laistigh de chóras ar leith amháin. Tá córas ceadchomhartha curtha in ionad uimhreacha cárta anois. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo sular thángthas ar an sárú slándála agus cuireadh i gcrích é go gairid ina dhiaidh sin. Léiríonn an ceadchomhartha, atá criptithe, uimhir an chárta íocaíochta laistigh den taifead custaiméirí agus tarchuireann córais Adobe an ceadchomhartha criptithe do sholáthraí seirbhíse tríú páirtí, a bhfuil a gcórais lonnaithe lasmuigh de líonra Adobe, chun íocaíocht a phróiseáil.

Fógraí do Dhaoine a nDearnadh Dífear Dóibh

Sholáthair Adobe liosta don Oifig ar cathain a chuir siad gach aicme de dhaoine a ndearnadh dífear dóibh ar an eolas agus an fógra ábhartha. Anuas air sin, d'fhógair Adobe go poiblí sárú 2013 ar phoist ar a láithreáin ghréasáin, lenar áiríodh plé ar an gcód foinseach a ghoid. Chuir na fógraí éagsúla daoine aonair ar an eolas chun monatóireacht a dhéanamh ar a ráitis chárta creidmheasa agus a bpassfhocal a athrú má úsáideadh é ar láithreán eile.

Nuair a cheistíomar cén fáth nár eisíodh fógraí do na daoine aonair siúd nár cuireadh ach a sonraí teagmhála i gcontúirt agus nár áiríodh leo sonraí faoi pasfhocal nó cárta íocaíochta, d'fhreagair Adobe gur chreid siad go n-eascródh ró-fhógra agus tuirse fógra as fógra a thabhairt sa chás seo agus nach bhfuil riosca suntasach ann i leith díobhála maidir le cur i gcontúirt den saghas seo d'eilimint sonraí. Moltar sa Chód Cleachtais go dtugtar fógra d'úsáideoirí a ndéantar dífear dóibh, ionas gur féidir le gach duine a ndearnadh dífear dóibh breithniú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bheidh i ndán dóibh féin agus na bearta cuí a ghlacadh.

Bheadh an Oifig seo ag súil leis, dá dtarlódh a mhacasamhail de theagmhas amach anseo, go gcuirfeadh Adobe, nó aon rialaitheoir sonraí eile gach duine aonair san áireamh ar cuireadh a sonraí pearsanta i gcontúirt ina bpróiseas fógra.

Conclúid agus Torthaí

Chomhoibrigh Adobe go hiomlán lenár n-imscrúdú ar an sárú slándála a cuireadh in iúl dúinn an 2 Deireadh Fómhair 2013. Ghlac Adobe an gníomh cuí nuair a tháinig siad ar an ionsaí chun cosc a chur ar bhreis rochtana ar a gcórais faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 2(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Anuas air sin, chuir siad athrú pasfhocail i bhfeidhm dá n-úsáideoirí chun cosc a dhéanamh i leith rochtain neamhúdaráithe ar shonraí cuntais. Chuir freagairt mhear Adobe, nuair a cuireadh ar an eolas iad faoin sárú slándála, cosc ar an ionsaitheoir ó sonraí neamhchriptithe cárta íocaíochta a éis-scagadh.

D'fhéadfadh Adobe an t-aistriú a bhaint amach ó na pasfhocail chriptithe a úsáideadh sa seanchóras chuig pasfhocail a dhéantar a haiseáil agus a shailleadh ní b'éifeachtaí agus ní ba thapúla ná mar a rinne siad. Ábhar buartha do na húsáideoirí siúd a sholáthair leideanna pasfhocail is ea gur stóráil Adobe iad seo i nglantéacs seachas i bhformáid chriptithe, agus cuireadh cuid díobh i gcontúirt.

Tá an Oifig ar an aird ar an gcaoi go mbeidh rialaitheoirí sonraí, ar nós Adobe i gcónaí ina sprioc d'ionsaitheoirí agus go bhfuil modhanna nua ionsaí á gceapadh i gcónaí.

Dheimhnigh an Oifig gur sháraigh Adobe Alt 2(1)(d) de na hAchtanna mar gheall gur theip orthu na bearta cuí slándála a bheith i bhfeidhm chun na sonraí faoina rialú a chosaint, in ainneoin a gclár doiciméadaithe slándála. Moladh, chomh maith, go bhfostaíonn Adobe tríú páirtí chun tabhairt faoi athbhreithniú neamhspleách ar a gcórais.

Chuir Adobe feabhsúcháin shubstainteacha i bhfeidhm ina bprótacail, cleachtais agus nósanna imeachta slándála, agus tá an Oifig seo sásta go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm anois chun an fhéidearthacht i leith sárú féideartha slándála amach anseo a íoslaghdú.

CUR I LÁTHAIR AGUS CAINTEANNA

I rith 2014, thug an Coimisinéir agus foireann na hOifige cur i láthair do na heagraíochtaí a leanas:

Oideachasúil

Ardcoil na Tríonóide, Baile Átha Í x 2
Coláiste Átha Í x 2
Ardcoil na Tríonóide, Baile Átha Í x 5
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Coinbhinsiún Dílíthiúil na Mac Léinn
Scoil na Ríomheolaíochta agus Staitisticí
An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (NIPT) x 2
Meánscoil Naomh Póil, Mainistir Eimhín x 2
Gael-Choláiste Chill Dara x 3
NCSE
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Ranníocaíochtaí

Cumann Bodhar Chorcaí

Tráchtáil

Foras Rúnaithe Éireann
Cumann Ríomhaireachta na hÉireann
Cumann Tionscal Slándála na hÉireann

Teileachumarsáid

Cónaidhm an Tionscail Teileachumarsáide

Árachas

PIAB

An Earnáil Sláinte

RCSI-Cúrsa Altraí Taighde Chliniciúil
Cumann Fiaclóirí na hÉireann
Cumann Altraí Sláinte Cheirde na hÉireann

Idirnáisiúnta

Comhdháil ar Phríobháideachas agus Cosaint Sonraí Ríomhairí
Cumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachais
Comhdháil Bhliantúil Eacnamaíoch Ambasad SAM
EUROFORUM Beirlín
Comhdháil Ríomhthráchtála Stanford
Cumann Barra na Gearmáine
Cumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachais x 2
Cumann Altraí Sláinte Cheirde na hÉireann

Dlíthiúil

Aturnaetha Matheson

Comhdháil Díl Fostaíochta an IBEC
Comhairle Bharra na hÉireann

Airgeadas

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo

Seimineáir Mheasctha

Eagraíocht an MBA

TAIEX, an Bhruiséil

Gnó a Thógáil i gCúram ('Taking Care of Business') x 4

Comhdháil Bhliantúil Eacnamaíoch Ambasáid SAM

Fóram Seanóirí Fhine Gall

Fóram Príobháideachas C & I, an RA

An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha

Iron Mountain

Rialtas/Gníomhaireacht

An tÚdarás Forbartha Tionscail

Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse

An Foras Riaracháin

Údarás Uchtála na hÉireann

Ceanncheathrú na bhFórsaí Cosanta

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS)

An Roinn Caiteachais Phoiblí

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

CLÁRÚCHÁIN IN 2014

Tá ceanglas dlíthiúil ar roinnt catagóirí de rialaitheoirí sonraí (mórshealbhóirí sonraí pearsanta) chun clárú a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar bhonn bliantúil. Tá gach rialaitheoir sonraí, áfach, gan aird ar cibé acu an gceanglófar nó nach gceanglófar orthu clárú leis an Oifig seo, faoi cheangal na bhfreagrachtaí um chosaint sonraí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Ar an gcuma chéanna, próiseas dlíthiúil ar leith is ea clárú leis an Oifig seo agus níor cheart glacadh leis amhail go bhfuil eagraíocht go hiomlán comhlíontach i dtaobh cosaint sonraí de, de bhua go bhfuil a n-iontráil clárúcháin cothrom le dáta acu.

B'ionann an líon iomlán iontrálacha cláraithe in 2014 agus 6,196. Is féidir an figiúr seo a mhiondealú sna catagóirí a leanas:

Institiúidí airgeadais agus creidmheasa

544

Eagraíochtaí árachais

333

Daoine a bhfuil margaíocht dhíreach, teistiméireachtaí creidmheasa a sholáthar nó fiachais a bhailiú i gceist go hiomlán nó go príomha lena ngnó

94

Soláthraithe teileachumarsáide/idirlín

47

An earnáil sláinte

1,941

Cógaiseoirí

1,130

Miscellaneous

952

Próiseálaithe sonraí

1,155

Líon iomlán na n-iontrálacha cláraithe

2012	2013	2014
------	------	------

5,338	5,778	6,196
-------	-------	-------

In 2014, tháinig méadú 418, thart ar 7% ar an líon eagraíochtaí a cláraíodh. D'eascair an méadú mar gheall ar fheachtas spriocdhírthe feasachta ar chomhair chreidmheasa agus ar fhisiteiripeoirí.

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Cuntas fáltas agus íocaíochtaí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

	2014 €	2013 €
Fáltais		
Airgead a sholáthar an tOireachtas	2,274,438	1,960,999
Táillí	714,697	647,997
Fáltais eile	Neamhní	Neamhní
Fáltais iomlána	2,989,135	2,608,996
Íocaíochtaí		
Costais foirne	1,654,900	1,627,911
Costais bhunaíochta	73,115	131,630
Táillí dlíthiúla agus gairmithe	522,145	179,050
Táillí iniúchta	4,117	Neamhní
Costais ilghnéitheacha	20,161	22,408
Íocaíochtaí iomlána	2,274,438	1,960,999
Íocaíocht iarbhír as fáltais don bhliain leis an Vóta d'Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais	414,347	626,536
Fáltais atá iniúchta leis an Vóta d'Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag deireadh na bliana	300,350	21,461
	2,989,135	2,608,996
Iomlán		

*Tá na figiúirí le haghaidh 2014 a dtugtar cuntas orthu thuas fós faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Cuirfear na cuntais iniúchta

airgeadais faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena gcur faoi bhráid an Oireachtais.

TUARASCÁIL FUINNIMH

Forbhreathnú

Tá Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar chuid d'fhoirgneamh a tógadh in 2006. Áitimid an chéad urlár den fhoirgneamh, agus tá achar urláir 13.38 méadar cearnach ann. Faoi láthair, tá 31 comhalta foirne lonnaithe sa limistéar seo.

In 2014, lean gás agus leictreachas le haghaidh téimh, soilsiú agus úsáidí eile bheith mar fhoinsí na príomhúsáide fuinnimh.

In 2014, b'ionann an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh agus C1.

Gníomhartha faoinar Tugadh

Ghlac an Oifig seo páirt i gcóras ar líne an SEAI in 2014 ar mhaithe lenár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. 542 de 2009).

Úsáid bhliantúil fuinnimh na hOifige don bhliain 2014:

Úsáid	80,574
Neamhleictreach	33,124kWh
Leictreach	47,450kWh

Lean an Oifig lena gcuid iarrachtaí chun úsáid fuinnimh a íoslaghdú trína chinntiú go múchtar gach trealamh leictreach agus soilsiú ag deireadh gach lae gnó.

I rith 2014, chuir an oifig deireadh leis an bpróiseas lena mbaineann síneadh a thabhairt isteach lenár gcóras reatha téimh gás; réitigh seo an riachtanas chun téitheoirí iniompartha a úsáid. Cuireadh bolgáin choigilte fuinnimh in ionad gach bolgáin solais ar fud na hOifige. Leanfaimid le breis bealaí a fhiosrú chun úsáid fuinnimh a laghdú.